# Contae Chorcaí
# Cork County

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



creative.ireland.ie

Tagann an cultúr chun beatha ag réimse leathan d'fhéilte i gContae Chorcaí; seo pictiúr d'Fhéile Mheánaoiseach Eochaille ar a bhfuil an-rath go deo.

*Culture comes alive at a whole range of festivals in County Cork; pictured is the most successful Youghal Medieval Festival*

# Ábhar
# Contents


1 Réamhrá an Mhéara
*Mayor's Foreword*

2 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
*Chief Executive's Foreword*

3 Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae Chorcaí
*Culture and Creativity in County Cork*

4 Fís Éire Ildánach do Chontae Chorcaí
*The Creative Ireland Vision for County Cork*

5 Luachanna Éire Ildánach i gContae Chorcaí
*The Creative Ireland Values in County Cork*

6 Tosaíochtaí Straitéiseacha le haghaidh Chontae Chorcaí
*Strategic Priorities for County Cork*

7 Cur i bhFeidhm in 2018
*Implementation in 2018*

# 1 Réamhrá an Mhéara
## Foreword by the Mayor

IS CONTAE É CORCAIGH atá fuinniúil ó thaobh an chultúir de, agus a bhfuil an chruthaitheacht go smior i ngach pobal dá chuid. Is é an cultúr seo a thugann dáimh chomhchoiteann dúinn lenár n-áit dúchais agus a chuireann ar ár gcumas, an cineál sochaí ar mhian linn a chothú agus a chur chun cinn a léiriú agus brí a thabhairt di.

Aithnítear i gClár Éire Ildánach an sainról atá ag an gcultúr inár saol, agus baineann sin ní hamháin le cuairteoirí chuig an gContae ach le cónaitheoirí an chontae, idir daoine atá ann le fada an lá agus daoine atá tagtha anseo le déanaí. Má chuirimid an cultúr chun cinn agus má thacaímid leis sa chiall is leithne, rud a chuimsíonn na healaíona, an oidhreacht, traidisiúin liteartha, ceol agus nósanna traidisiúnta, agus an Ghaeilge, tá tiomantas ann i leith na rudaí sin uile i dteannta a chéile seachas ina n-aonair; is tiomantas é i leith folláine agus sásaimh, ag leibhéal an duine aonair agus an phobail araon, de réir mar a bhímid ag plé lena chéile tríd an gcultúr.

I gContae Chorcaí, spreagfaidh Clár Éire Ildánach fás tuilleadh seirbhísí agus gníomhaíochtaí cultúrtha laistigh den Chontae; is clár an-tráthúil é seo i bhfianaise an aitheantais mhéadaithigh atá á thabhairt do thábhacht an chultúir dár gcroíthe istigh, agus dá bhuntáistí ó thaobh forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus pobail de. Tá méadú ag teacht de réir a chéile ar an bhfeasacht seo ar an gcultúr, agus tá méadú ag teacht dá réir ar líon na bpobal atá ag obair ar theann a ndíchill ag iarraidh an cultúr is ansa leo a ghlacadh chucu féin agus aire a thabhairt dó ina iomláine, a bheith rannpháirteach ann agus é a chur chun cinn agus a léiriú go cruthaitheach.

Tá fíorú spriocanna cultúir ann mar chuid lárnach den straitéis seo ina leirítear dearcadh eolach stuama a bhfuarthas inspioráid ón bpobal ina leith, a bhuí le neart ceardlanna a bhí ann, agus le haighneachtaí a soláthraíodh, nuair a bhí an straiteis á hullmhú agus tá sé mar aidhm aici fíorthionchar a imirt ar an leibhéal áitiúil trí ghuth a thabhairt do gach duine sa Chontae atá bródúil as a gcultúr agus ar mian leo an méid sin a léiriú ar bhealaí iomadúla. *'Glactar leis na healaíona, teanga, áit agus cultúir mar bhealaí thar a bheith tábhachtach chun teacht ar oideachas cruthaitheach agus ar shaol cruthaitheach'* (Plean Óige Éire Ildánach), agus trí mhéadú a dhéanamh ar an bhfeasacht ar chultúr a ardú, ar gach gné den chultúr go deimhin, idir shean agus nua, tarraingeoidh an straitéis aird ar eispéireas agus rannpháirtíocht chultúrtha gach uile dhuine atá sásta Clár Éire Ildánach a ghlacadh chucu féin i gContae Chorcaí.

Féachtar sa straitéis seo le luach an chultúir inár saol a chur in iúl, agus soláthraíonn sí ráiteas meáite faoina bhfuil beartaithe le haghaidh réimse an chultúir agus na cruthaitheachta i gContae Chorcaí le linn na chéad chúig bliana atá romhainn. Ní plean docht atá ann ach is plean é a bhfuil cur chuige solúbtha ag baint leis le go mbeidh deiseanna ann gach tráth i leith chleachtadh na cruthaitheachta. Is iad na tosaíochtaí a roghnaíodh na cinn is dóichí a chuirfidh an cultúr i gcroílár ár bhféiniúlachta mar phobal.

Mar Mhéara Chontae Chorcaí, molaim gach duine ar fud an Chontae as a rannpháirtíocht iontach go dtí seo, agus cuirim fáilte mhór roimh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae Chorcaí 2018–2022 – deis den scoth le comhoibriú agus rannpháirtíocht a mhéadú chun ról an chultúir úd ar mór againn é a threisiú anseo i gContae Chorcaí.

**An Comh. Patrick Gerard Murphy**
Mhéara Chontae Chorcaí

COUNTY CORK IS a culturally vibrant county, alive with creativity in every community. This culture gives us our shared sense of belonging and allows us to express, and give meaning, to the society that we aspire to maintain and cultivate in the County.

The Creative Ireland Programme recognises the important role that culture has in all our lives, both for visitors to the County and residents new and old. By supporting and promoting culture in its widest sense, including arts, heritage, literary traditions and traditional music, customs, and language, there is a commitment to something greater than the sum of its parts; a commitment to wellbeing and fulfilment, both individually and at the community level; as we connect with one another through culture.

In County Cork, the Creative Ireland Programme will encourage the growth of further cultural services and activities within the County; a most timely programme given the increasing recognition of the importance of culture to our very being in addition to its benefits for economic, social and community development. Such awareness of culture is steadily increasing as are the numbers of communities working on the ground to fully embrace, look after, engage with, promote and creatively express the culture they hold dear.

This strategy, a well-informed, thoughtful and publicly inspired outlook, thanks to the numerous workshops and submissions kindly made in its preparation, puts cultural realisation at its heart, and sets out to have a real impact at the local level by giving a voice to all people in the County who are proud of their culture and wish to express this in any number of forms. 'Arts, heritage, language, place and culture are widely seen as vitally important gateways to a creative education and a creative life' (Creative Ireland Youth Plan) and in raising awareness of culture, indeed all aspects of culture, new and old, it will truly open up the cultural experience and involvement of each and every person who is willing to embrace the Creative Ireland Programme in County Cork.

This strategy seeks to communicate the value of culture to our lives and provides a considered statement of intention and direction for culture and creativity in County Cork over the next five years. It is not a rigid plan, rather it allows a fluidity in approach to permit creativity at every turn. The priorities have been selected as those that have real potential for putting culture at the heart of who we are as a people.

As Mayor of the County of Cork, I commend the already excellent cultural involvement by people across the County and warmly welcome the County Cork Culture and Creativity Strategy 2018–2022 – a great opportunity for increased collaboration, participation and engagement in strengthening the role of the very culture that we love, right here in the County of Cork.

**Cllr. Patrick Gerard Murphy**
Mayor of County Cork

# 2 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
## Foreword by Chief Executive

FORBRAÍODH AN STRAITÉIS seo mar chuid den chlár náisiúnta, Éire Ildánach, a bhfuil mar bhunsmaoineamh '*go mbíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir ina shiocair leis an gcruthaitheacht phearsanta agus le cruthaitheacht an chomhair agus go dtagann torthaí suntasacha dá bharr sin maidir le folláine an duine agus an phobail agus lena gcuireann an duine agus an pobal i gcrích*'. Dá bhrí sin, cuireann an straitéis seo deis ar leith chun an chruthaitheacht a spreagadh agus a leathnú ag gach leibhéal sa tsochaí trí chomhtháthú sóisialta agus folláine shóisialta a chur chun cinn ar bhealach a chuimseoidh gach duine, agus é sin bunaithe ar théamaí na féiniúlachta, an chultúir agus na saoránachta.

Tá ról ríthábhachtach ag na húdaráis áitiúla maidir le clár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil, agus tá sainordú acu Colún 2 den chlár – *Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i nGach Pobal* a chur i gcrích trína meithleacha cultúir. Tacaíonn Comhairle Contae Chorcaí le rannpháirtíocht ghníomhach fhorleathan i saol cultúrtha a bpobal agus cuireann siad é seo chun cinn; anuas air sin, éascaíonn siad forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha trí an-chuid tionscnamh, a bhfuil ról tábhachtach ag Oibríochtaí Ceantar Bardasach, agus ag an Stiúrthóireacht Forbartha Tuaithe, iontu, gan trácht ar an ról atá ag rannáin amhail Leabharlann an Chontae agus na Seirbhísí Turasóireachta, Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeilge. Tá infheistíocht suntasach á déanamh ag an gComhairle fós in ionaid thábhachtacha chultúir amhail Inis Píc agus Camden Fort Meagher, agus, i bhfianaise shuíomh Chorcaí ar Slí an Atlantaigh Fhiáin agus mar chuid d'Oirthear Ársa na hÉireann, tá gealladh faoi thodhchaí stair chultúrtha an Chontae.

Aithníonn Comhairle Contae Chorcaí an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag an gcultúr i saol gach duine agus, trína cuid seirbhísí agus struchtúir, cuireann an Chomhairle an cultúr, cúrsaí pobail agus fíorchomhoibriú i gcroílár an Chontae. Is díol bróid do Chontae Chorcaí a phobal cultúrtha, lena n-áirítear grúpaí áitiúla agus oibrithe deonacha, an líon mór léiritheoirí cultúrtha ina gcuimsítear déantóirí agus ceannródaithe, ealaíontóirí, scríbhneoirí, ceoltóirí agus ceardaithe. Mar thoradh ar chomhoibriú idir cách, féachfaidh Comhairle Contae Chorcaí lena chinntiú gur áit iontach é an Contae le bheith ag maireachtáil ann, le fás ann agus le foghlaim ann.

Tagann an straitéis seo le cuid mhór príomhaidhmeanna atá ann i roinnt Pleananna de chuid Chomhairle Contae Chorcaí, an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) go háirithe. Mar phríomhaidhm den LECP, faoin réimse ealaíon, oidhreachta agus cultúir, táthar ag féachaint le 'clár gníomhaíochtaí a fhorbairt chun cabhrú le grúpaí pobail agus oibrithe deonacha, agus iad ag iarraidh tacú le forbairt agus cothú sócmhainní ealaíon, oidhreachta agus cultúrtha Chorcaí; aidhm thábhachtach eile ná 'gníomhaíochtaí a shainaithint agus a chur chun cinn, ar gníomhaíochtaí iad a fheabhsóidh rochtain mhuintir Chorcaí ar a bhfuil ann de ghníomhaíochtaí cultúrtha agus a chinnteoidh rannpháirtíocht den scoth dóibh sna gníomhaíochtaí sin'. Cuimsíonn an straitéis seo neart príomhaidhmeanna dá leithéid agus leagtar amach inti an fhís agus na luachanna a bhaineann le Clár Éire Ildánach i gContae Chorcaí, mar aon leis na tosaíochtaí lárnacha a threiseoidh gníomhaíochtaí agus luachanna cultúrtha an Chontae do na daoine a chónaíonn ann agus don mhilliún turasóir ar a laghad a thugann cuairt air gach bliain.

Fáiltíonn Comhairle Contae Chorcaí go croíúil roimh Chlár Éire Ildánach agus roimh an deis a chuireann sé ar fáil don Chontae, lán a chumais chultúrtha a bhaint amach. Más mór againn ár gcultúr, is mó an meas a bheidh againn ar ár dtodhchaí.

**Tim Lucey**
Príomhfheidhmeannach

THIS STRATEGY HAS been developed as part of the national Creative Ireland Programme, which has as its core proposition, that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant benefits for individual and societal wellbeing and achievement. As such this strategy presents a special opportunity to galvanise and grow creativity at all levels in society by promoting social cohesion and well-being in a manner that includes everybody, built around the themes of identity, culture and citizenship.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the Creative Ireland programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – *Enabling Creativity in Every Community*. Cork County Council supports and promotes widespread active participation in the cultural life of its communities and facilitates economic, social and cultural development through numerous initiatives, with the Municipal District Operations and Rural Development Directorate, and sections such as the County Library, Tourism, Arts, Heritage and Irish Services, all playing important roles. Significant investment by the Council is ongoing at a number of key cultural attractions including Spike Island and Camden Fort Meagher, and given Cork's position both along the Wild Atlantic Way and within Ireland's Ancient East, the future of the County's cultural past is looking bright.

Cork County Council recognises the important role that culture can have for everyone and through its services and structures, puts culture, community and real collaboration at the heart of the County. County Cork can be proud of its cultural community, from local groups and volunteers to its many cultural producers consisting of makers and shapers, artists, writers, musicians and craftspeople.By everyone working together, Cork County Council will strive to ensure that the County remains a great place within which to work and live, to grow and learn.

This strategy meets with many key aims of a number of Cork County Council Plans and not least the Local Economic and Community Plan (LECP). The LECP, as a key aim under arts, heritage and culture seeks 'to develop a programme of actions to assist community and volunteer groups in their supporting role in the development and maintenance of Cork's arts, heritage and cultural assets' with another important aim being 'to identify and promote actions that will enhance access and quality of engagement of Cork residents with all cultural activities'. This strategy builds on many such key aims and sets out the vision and values for the Creative Ireland Programme in County Cork, also setting out key priorities that will strengthen the cultural offering and values of the County for the people that reside in it, as well as the 1 million plus tourists that come to visit annually.

Cork County Council warmly welcomes the Creative Ireland Programme, and the opportunity it provides for the County to reach its full cultural potential. In valuing our culture, we are valuing our future.

**Tim Lucey**
Chief Executive

# 3 Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae Chorcaí
## Culture and Creativity in County Cork

IS CUID DHÍLIS de Chontae Chorcaí iad an Cultúr agus an Chruthaitheacht. Luaitear i gClár Éire Ildánach go bhfuil an cultúr cuimsitheach agus lán le brí, go bhfuil sé fuinniúil agus ag síorathrú; go bunúsach, is iad na luachanna, na pátrúin iompraíochta, na nósanna agus na modhanna cur in iúl comhchoiteanna atá ina mbuntréithe de chuid grúpaí agus pobail sóisialta éagsúla. Is éard atá sa chruthaitheacht, mar sin, ná an cumas, smaointe agus gnásanna a bhfuil glacadh coitianta leo a shárú, agus chuige seo, agus an tsamhlaíocht a úsáid chun smaointe nua a chruthú a chuirfidh le luach na gníomhaíochta daonna.

Ó thaobh rannpháirtíochta sa chultúr de, tá Contae Chorcaí mar a bheadh saithe beach i gcuasnóg ann ina dtarlaíonn gníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta go nádúrtha. Is ionann Corcaigh agus an deichiú cuid d'achar na hÉireann, agus tá beagnach 7,500 ciliméadar cearnach ag baint leis, chomh maith le daonra os cionn 417,000; tá a chultúir agus a shainiúlacht ollmhór. Má áirítear a oidhreacht dhochreidte fhoirgnithe, nádúrtha, seandálaíochta, chultúrtha agus mhuirí, mar aon leis an dá Ghaeltacht atá ann (Múscraí agus Oileán Chléire), is léir nach bhfuil aon ghanntanas inspioráide cultúrtha sa Chontae. Go deimhin, chomh fada is a bhaineann le Contae Chorcaí, tá samplaí iomadúla sna leabhair staire de na himeachtaí agus de na daoine is iomráití de chuid na hÉireann; tá an Contae tar éis rabhartaí cruthaitheachta ealaíonta a spreagadh i gcaitheamh na mblianta, mar shampla, i ndánta amhail Mo Ghile Mear le Seán Clárach Mac Domhnaill, nó Caoineadh Airt Uí Laoghaire le hEibhlín Dubh Ní Chonaill. San fhichiú haois agus inniu fós, is féidir leis an gContae maíomh a dhéanamh as daoine tábhachtacha i réimse na n-ealaíon, amhail Seán Ó Riada; an Captaen Francis O'Neill, Elizabeth Bowen, Seán Ó Ríordáin, William Trevor agus Séamus Murphy. Ar na saolta seo, maíonn an Contae gur leis freisin mustar iontach grúpaí agus eagraíochtaí pobail; ealaíontóirí, scríbhneoirí, déantóirí agus staraithe a bhíonn ag eagrú raon leathan imeachtaí, agus Comhairle Contae Chorcaí de shíor ag iarraidh tacú lena leithéid seo de ghníomhaíochtaí agus iad a chur chun cinn agus a spreagadh, go háirithe trína Rannáin Ealaíon, Leabharlainne, Gaeilge, Oidhreachta agus Turasóireachta.

Is iad an Cultúr agus an Chruthaitheacht a thugann muintir Chontae Chorcaí le chéile mar Shaoránaigh d'Éirinn chun tacú le neart imeachtaí agus tionscnamh amhail Seachtain Náisiúnta na gCrann, Oíche Chultúir, Seachtain na hOidhreachta, na Cuimhneacháin Chéad Bliain, Féile na Bealtaine agus Seachtain na Gaeilge. Chomh maith le gníomhaíocht chultúrtha, tairgeann Contae Chorcaí ollghréasán luachmhar taitneamhachtaí cultúrtha spéisiúla, a bhainistítear ar bhonn deonach, príobháideach agus poiblí, lena n-áirítear líon mór amharclann, músaeim, ionaid ealaíne agus láithreacha ceoil, ar áiteanna iad ar fad a thacaíonn leis an gcultúr ag an leibhéal áitiúil. Tá neart sócmhainní cultúrtha ag Comhairle Contae Chorcaí, a chuireann ar a chumas a bheith an-ghníomhach sa réimse seo, mar shampla, Inis Píc; Camden Fort Meagher, Ionad Oidhreachta an Sciobairín, Teach Mhíchíl Uí Choileáin, Cloigtheach Gheata Eochaille, Teach Chaisleán Mhala agus an-chuid eile nach iad. Tá níos mó aitheantais ná riamh á fháil ag na láithreacha turasóireachta seo, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, mar shampla, ainmníodh Imeachtaí Ealaíon ag Teach Chaisleán Mhala ar ócáid Dhámhachtainí um Shármhaitheas sa Rialtas Áitiúil 2017, agus ghnóthaigh Inis Píc duais na bliana 2017 don Cheann Scríbe Turasóireachta is Fearr san Eoraip. Tá gradaim eile faighte ag Comhairle Contae Chorcaí as a Seirbhísí Oidhreachta agus as a dtacaíocht do chuimhneacháin phobail ar fud an Chontae. Is leor a rá go bhfuil Comhairle Contae Chorcaí bródúil

CULTURE AND CREATIVITY are integral to County Cork. The Creative Ireland Programme notes that culture is expressive, inclusive, dynamic and evolving, in essence, it is the shared values, patterns of behaviour, customs and forms of expression that characterise different social groups and communities. Creativity, then, is the ability to transcend accepted ideas and norms by drawing on imagination to create new ideas that bring additional value to human activity.

County Cork is very much a hive of human activity where culture and creativity occurs naturally. Occupying one tenth of Ireland at close to 7,500 square kilometres and having a population of over 417,000 people; the depth of culture and its uniqueness are immense. With incredible built, natural, archaeological, cultural and maritime heritage as well as two Gaeltachts (Múscraí and Oileán Chléire), there is no shortage of cultural inspiration. Indeed, regarding County Cork, the history books provide countless examples of some of Ireland's most notable events and people; having over the many years inspired waves of artistic creativity, for example, poems such as Mo Ghile Mear by Seán Clárach Mac Domhnaill, or the Caoineadh Airt Uí Laoghaire by Eibhlín Dubh Ní Chonaill. In the 20th century and still today, the County can lay claim to many important artists such as Seán Ó Ríada; Capt. Francis O'Neill, Elizabeth Bowen, Seán Ó Riordáin, William Trevor and Séamus Murphy. The County today also lays claim to a most wonderful array of community groups and organisations; artists, writers, makers and historians, who organise a whole range of events, with Cork County Council continuously seeking to promote, encourage and support such activities, particularly through its Arts, Libraries, Irish, Heritage and Tourism Sections.

Culture and Creativity brings the people of County Cork together as Citizens of Ireland supporting numerous events and initiatives such as National Tree Week, Culture Night, Heritage Week, Centenary Commemorations, the Bealtaine Festival and Seachtain na Gaeilge. In addition to cultural activity, County Cork also has a rich tapestry of cultural attractions, both voluntary, private and public, with numerous theatres, museums, art centres and music venues all supporting culture at the local level. Cork County Council is also very active in this sphere through a number of its cultural assets, such as Spike Island; Camden Fort Meagher, Skibbereen Heritage Centre, Michael Collins House, Youghal Clock Gate Tower and Mallow Castel House, to name a few. These attractions are growing in recognition, both nationally and internationally, for example, Arts Events at Mallow Castle House were recognised at the 2017 Excellence in Local Government Awards and Spike Island picked up the 2017 award for Best Tourist Destination in Europe. Further Awards have been received for Cork County Council's Heritage Services and its support of community commemorations across the County. Suffice to say, Cork County Council is proud of the culture that exists within the County and endeavours to protect and promote same at the highest levels.

Cork County Council, through its cultural services, works with people across the County. The County's Library network is a fine example, providing a great resource and platform for local groups (from book clubs and writers' groups to ciorcail cainte and arts groups) and furthermore promoting a love of literature and literary creativity as well as collecting and preserving important cultural heritage resources. Over 1.72 million visits took place to County Cork's Libraries in 2016.

as an réimse cultúir atá ann sa Chontae, agus is mian leo é a chosaint agus a chur chun cinn ag na leibhéil is airde.

Bíonn Comhairle Contae Chorcaí ag obair i gcomhar le daoine ar fud an Chontae trína seirbhísí cultúrtha. Is sampla maith é líonra Leabharlann an Chontae, atá ina acmhainn iontach agus ina ardán le haghaidh grúpaí áitiúla (a chuimsíonn clubanna leabhar agus grúpaí scríbhneoirí, agus ciorcail chainte agus grúpaí ealaíon), agus a chuireann grá don litríocht agus cruthaitheacht liteartha chun cinn freisin, gan trácht ar acmhainní tábhachtacha i dtaca leis an oidhreacht chultúrtha de a bhailiú agus a chaomhnú. Rinneadh breis is 1.72 milliún cuairt ar Leabharlanna Chontae Chorcaí sa bhliain 2016.

Is seirbhís chultúrtha eile den scoth í Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí, a sholáthraíonn deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí leis na healaíona agus iontu (mar shampla, mar thoradh ar an Scéim Deontais le haghaidh Pobail Chruthaitheacha, arb é an chéad scéim den chineál sin sa tír), agus a thacaíonn le healaíontóirí proifisiúnta atá ag iarraidh a gcleachtadh a fhorbairt trí dheiseanna coimisiúnaithe, sparánachtaí agus oiliúint. Tacaítear le hEalaíona don tSláinte, le hEalaíona do na Luathbhlianta agus leis na hEalaíona Taibhiúcháin, agus clúdaíonn Scéim Deontais na nEalaíon raon gníomhaíochtaí amhail féilte, na healaíona i dtionscadail scoileanna, grúpaí scríbhneoirí, cóir, grúpaí óige agus gníomhaíocht ealaíon do dhaoine scothaosta. Thacaigh an Scéim seo le geall le 150 tionscadal ealaíon in 2017, chomh maith le breis is 30 Féile; agus b'fhiú beagnach €1.5M don Chontae an méid sin.
Tá clú agus cáil ar Chontae Chorcaí as na féilte cultúrtha éagsúla a bhíonn ar siúl ann agus a mbíonn turasóirí ó gach cearn den domhan ag freastal orthu, mar shampla, an Fhéile Náisiúnta Seanchais in Oileán Chléire. Le hais áiteanna

Cork County Council's Arts Office is another exemplary cultural service, which provides opportunities for public engagement with and in the arts (for example through the Creative Communities Grant Scheme which was the first of its kind in the country) as well as supporting professional artists develop their practice through commission opportunities, bursaries and training. Arts for Health, Early Years Arts and Performing Arts are all supported and the Arts Grant Scheme covers a range of activities such as festivals, arts in schools' projects, writers' groups, choirs, youth groups, and arts activity for the elderly. Close to 150 Arts projects were supported by this Scheme in 2017 as well as over 30 Festivals; worth close to €1.5M to the County.

The County of Cork is renowned for its variety of cultural festivals, many of which draw tourists from around the world such as the International Storytelling Festival in Oileán Chléire. Such festivals, in addition to significant cultural tourism attractions are one of the reasons why over 1 million people visit County Cork each year, also benefiting from being part of both Ireland's Ancient East and the Wild Atlantic Way. Recently the Tourism Section of Cork County Council has developed A Tourism Statement of Strategy & Work Programme 2017–2022, which details Cork County Council's role as a leader of tourism development. The key focuses of the Tourism section include 1) Product/Experience Development; 2) Festivals and Events, and, 3) Marketing and Promotion.

Cork County Council's Irish Office also offers a range of different services, benefiting Cork's two outstanding Gaeltachts, Olieán Chléire and Múscraí, and an increasing number of people speaking Irish countywide. Seachtain na Gaeilge is always a most memorable week and the Irish Office arranges an array of events





móra eile ar díol spéise do thurasóirí iad, is iad na féilte den chineál thuasluaite is cúis go príomha le breis is milliún duine a bheith ag teacht ar cuairt go Contae Chorcaí gach bliain agus, ina theannta sin, faigheann Contae Chorcaí tairbhe óna ról mar chuid d'Oirthear Ársa na hÉireann agus de Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Ar na mallaibh, d'fhorbair Rannóg Turasóireachta Chomhairle Contae Chorcaí Ráiteas Straitéise & Clár Oibre maidir le Cúrsaí Turasóireachta 2017–2022 ina sonraítear ról Chomhairle Contae Chorcaí mar cheannaire i leith forbairt turasóireachta. Ar phríomhthosaíochtaí an rannáin Turasóireachta tá 1) Forbairt Táirge/Eispéiris; 2) Féilte agus Imeachtaí, agus 3) Margaíocht agus Poiblíocht.

Tairgeann Oifig Gaeilge Chomhairle Contae Chorcaí raon seirbhísí éagsúla a théann chun tairtbhe don dhá Ghaeltacht iontacha atá ann

and activities for people to participate in, to foster and promote the use of Irish. Another key service is heritage, which is 'a vital part of our identity and sense of place and an exceptional resource offering employment, recreation, health, learning and enjoyment' (Heritage Council Strategic Plan, 2016). Cork County Council endeavours to protect and promote the rich heritage of County Cork and works with countless community groups to this end. Here in Cork, history and heritage has inspired our storytelling for generations.



Cultúr díreach faoin dromchla don té a rachadh ar a thóir

*Just beneath the surface, culture is waiting to be explored*

sa Chontae, is é sin le rá, Oileán Chléire agus Múscraí, agus don líon méadaitheach daoine a labhraíonn Gaeilge ar fud an chontae. Is seachtain speisialta i gcónaí í Seachtain na Gaeilge, agus eagraíonn Oifig na Gaeilge sraith imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar féidir le daoine páirt a ghlacadh iontu, chun úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a chur chun cinn. Is seirbhís lárnach eile í an tseirbhís oidhreachta, atá ina 'chuid dhílis dár bhféiniúlacht agus dár mórtas áite... agus is acmhainn eisceachtúil í a thairgíonn fostaíocht, áineas, sláinte, foghlaim agus taitneamhacht' (Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta, 2016). Féachann Comhairle Contae Chorcaí le hoidhreacht shaibhir Chontae Chorcaí a chosaint agus a chur chun cinn, agus oibríonn siad le lear mór grúpaí pobail chuige sin. Anseo i gCorcaigh, tá an stair agus an oidhreacht ina mbonn inspioráide lenár seanchas leis na blianta.

Leagann Contae Chorcaí béim mhór ar chúrsaí cultúir, agus tá léiriú le fáil air sin i bPleananna agus i Straitéisí éagsúla de chuid na Comhairle. Mar shampla, tacaíonn Plean Forbartha Chontae Chorcaí, an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, an Straitéis Aoisbhá agus an Plean Oidhreachta go mór le cothú agus forbairt leanúnach an chultúir laistigh den Chontae, agus béim á leagan acu ar rannpháirtíocht, ar uile chuimsitheacht agus ar chaighdeán na beatha. Is leor a rá go nglacann Comhairle Contae Chorcaí cultúr an chontae chucu féin, agus go dtugann siad ról do na daoine, do na grúpaí agus do na pobail sin a bhfuil sainról acu i réimse an chultúir. Táthar ag súil go mbeidh na daoine sin, i ngach aon phobal, chun tosaigh maidir le soláthar Chlár Éire Ildánach i gContae Chorcaí.

Le linn aitheantas a thabhairt do chultúr Chontae Chorcaí, cuirtear san áireamh gurb ionann an cultúr agus réimse ilghnéitheach a bhíonn ag síorathrú lena ngabhann meascán

County Cork has a strong focus with regard to culture and various Council Plans and Strategies reflect this. The County Cork Development Plan, Local Economic and Community Plan, Age Friendly Strategy and Heritage Plan, for example, all strongly support the fostering and further development of culture within the County, focusing on participation, inclusivity and quality of life. Suffice to say, Cork County Council embraces the county's culture and those individuals, groups and communities who all play their part. These people, in each and every community it is hoped, will be at the fore in the delivery of the Creative Ireland Programme in County Cork.

In recognising the culture of County Cork it is recognised that culture is a multifaceted area, continuously evolving and combining in a complex manner with both contemporary and historic meaning. In this regard all aspects of culture warrant value and respect, which leads to a more informed and a more fulfilled feeling, both individually and as part of a group.

Creative Ireland brings with it a strong sense of authenticity and a real belief in our culture and creative ability where everyone is valued, from leading playwrights and storytellers to traditional musicians and artists; and where all people are encouraged to get out and appreciate and participate in this culture. Often it is by seeing a play, hearing a story or being drawn to a painting, that encapsulates the mind and encourages creativity in thought, leading to further valued cultural endeavours. To truly value culture there is a need to know and appreciate the past, however, it is also important to have a keen eye on the future; seeking to find out where we are going and perhaps responding to this and other such pertinent questions through the mediums of culture and creativity. It is often said that we live in a fast paced world,





casta de nithe comhaimseartha agus stairiúla. Sa chomhthéacs sin, éilíonn gach gné den chultúr meas agus urraim, agus is é a leanann as sin ná mothú níos eolaí agus níos sásta, ag leibhéal an duine aonair agus mar dhuine de ghrúpa.

Mar chuid de chlár Éire Ildánach, tá fíor-bharántúlacht agus muinín ann i leith ár gcultúir agus ár gcumais chruthaithigh, agus tugtar meas ar gach duine ann, is é sin le rá, drámadóirí agus seanchaithe iomráiteacha agus ceoltóirí traidisiúnta agus ealaíontóirí; agus spreagtar do gach duine dul amach agus taitneamh a bhaint as an gcultúr seo agus páirt a ghlacadh ann. Is minic gurbh amhlaidh, nuair a fheiceann duine dráma, nuair a chloiseann duine scéal nó nuair a tharraingíonn saothar ealaíne aird duine, go mealltar an intinn agus go spreagtar smaointeoireacht chruthaitheach, rud as a leanann tuilleadh iarrachtaí cultúrtha luachmhara. Chun meas ceart ar an gcultúr a léiriú, is gá eolas agus tuiscint a bheith ag duine faoin am atá caite ach tá sé tábhachtach freisin súil a choinneáil ar an todhchaí; féachaint le fáil amach cá bhfuil ár dtriall, agus féachaint leis an gceist sin agus le ceisteanna tábhachtacha eile den chineál sin a fhreagairt trí mheán an chultúir agus na cruthaitheachta.

Deirtear go minic go bhfuil an saol s'againne ag gluaiseacht ar aghaidh go tapa, ach is minic cuairteoirí ag déanamh iontais de luas breá réidh an tsaoil i gContae Chorcaí i gcomparáid le háiteanna eile. Chun taitneamh iomlán a bhaint as leabhar, ní léimeann tú na leathanaigh, agus anseo i gContae Chorcaí, is breá linn am a chaitheamh ag glacadh páirt iomlán inár gcultúr, chun ligean dó seilbh a ghlacadh orainn agus teacht chun bheith ina chuid dhílis dínn. Ceann de na rudaí ar féidir le hÉire Ildánach i gContae Chorcaí é a bhaint amach ná a chur i gcuimhne do dhaoine a thábhachtaí atá sé am a chaitheamh i mbun tuiscint a fháil orainn féin agus cad as dúinn; ní chun gearradh siar ar

but yet many a visitor has remarked on the relaxed pace of life in the County of Cork in comparison. To truly appreciate a book you don't skip over pages and here in County Cork we value spending time in engaging with our culture in full, to let it absorb us and become us. Creative Ireland in County Cork has the potential to remind people of the importance of putting the time in to appreciate who we are and where we have come from; not to be entertained less but to give more by way of self-actualisation and realisation at both the individual and community level.

Connecting with one's culture is becoming more and more important, as for many, the world is becoming a somewhat confusing and unfamiliar place. Popular culture often dominates the mind, with heretofore alien interests competing for our attention – the net result that often, that which is on our doorstep, goes unnoticed. A case in point was made at one of the workshops in the preparation of this strategy whereby it was stated that families did not know what to do due to Storm Ophelia in October 2017; without power and hence no TV, hand held devices or laptops, people were stuck for ideas. Creative Ireland can remind people of the pastimes of old and foster a love for connecting with one another in the traditional sense of cultural expression.

People today simply strive for something real and pure in life and we must be as real as we can be to them and to ourselves by protecting our culture and promoting it, essentially being ambassador's for our area and custodians at the same time. As such, rather than over-complicating things, we should focus on the simple things that make us who we are and that we delight in and value. This is our culture and by focusing on what is real, County Cork will always remain a special place for any visitor to

ár siamsaíocht ach chun féintuiscint agus barr ár gcumais a bhaint amach, ar leibhéal an duine aonair agus ar leibhéal an phobail araon.

Tá an nascadh seo leis an gcultúr ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile, ós rud é, dar le cuid mhór daoine, go bhfuil domhan an lae inniu ag teacht chun bheith ina áit measartha mearbhlach agus measartha coimhthíoch. Is minic an lámh in uachtar a bheith ag an gcultúr coiteann inár n-intinní agus, ar na saolta seo, bíonn ár n-aird á tarraingt ag neart caitheamh aimsire nach mbíodh ann roimhe seo—agus is é a tharlaíonn mar thoradh air sin ná gur minic nach dtugaimid faoi deara na rudaí atá ar leac an dorais againn. Luadh cás a léiríonn an pointe sin ag ceann de na ceardlanna a eagraíodh chun an straitéis seo a ullmhú, is é sin, nach raibh a fhios ag teaghlaigh conas a chaithfidís an t-am le linn Stoirm Ophelia i mí Dheireadh Fómhair 2017; ní raibh aon chumhacht ann agus, mar sin, níorbh fhéidir teilifís, gléasanna láimhe ná ríomhairí glúine a úsáid agus bhí daoine gann ar smaointe i dtaobh conas an t-am a chaitheamh. Is féidir le clár Éire Ildánach caithimh aimsire an ama atá thart a chur i gcuimhne do dhaoine agus an cion ar chomhchaidreamh a chothú i gcomhthéacs chiall thraidisiúnta an léirithe chultúrtha.

Sa lá atá inniu ann, ní bhíonn ó dhaoine ach rud éigin barántúil íon a bhaint amach ina saol, agus ní mór dúinn a bheith chomh barántúil agus is féidir agus, chuige sin, ní mór ár gcultúr a chosaint agus a chur chun cinn ionas gur ambasadóirí sinn, le fírinne, i leith ár gceantar agus gur caomhnóirí sinn san am céanna. Go deimhin, ba chóir dúinn castacht a sheachaint agus díriú ina ionad sin ar na rudaí simplí is bunús lenár bhféiniúlacht agus a chuireann lúcháir an domhain orainn agus a bhfuil an-mheas againn orthu. Is é seo ár gcultúr agus má dhírímid ar na rudaí atá réadúil, is áit speisialta a bheidh i gContae Chorcaí i gcónaí do chuairteoirí a thagann chuige come to and for any local to proudly stay in. This Strategy contains a range of ideas to further instil a sense of cultural awareness and value. Indeed, many of the Creative Ireland principles are already in place in Cork, highlighting the depth of cultural respect that exists. Cork County Council will work to ensure that the county's unique culture(s) and places from its Gaeltachts and maritime past to its walled towns and rural heartlands are all part of our cultural endeavour.

Culture is all around us in County Cork and rooted deeply within us; in our hearts and minds. It is our past and our present, it is what defines us; it is what gives us hope for the future. This strategy is about reaching out to our true values as a people and recognising the value of each and every one of us, in contributing in a constructive and creative manner, to the very essence of who we are. Culture has the ability to inspire and enlighten, to ignite that spark within us that can set the world alight. With this in mind, the future is bright in the County of Cork. Just as the poetry of the Bards often echoed the stories of Ireland past, it is hoped that our culture will inspire the future that we are creating together.

Many wonderful ideas, concepts and projects have been suggested to Cork County Council both from workshops and by way of submissions on this Strategy and it is clear that Cork is a County with a rich and vibrant culture that we value. The County of Cork believes it has a story to tell to the world and that story will be told through the Creative Ireland Programme.





agus do mhuintir an chontae féin. Cuimsíonn an Straitéis seo raon smaointe trína ndéanfar feasacht agus meas ar chúrsaí cultúir a spreagadh. Mar a tharlaíonn sé, tá an-chuid de phrionsabail chlár Éire Ildánach i bhfeidhm cheana i gCorcaigh, agus is comhartha é sin ar an meas atá ann cheana féin ar chúrsaí cultúir. Oibreoidh Comhairle Contae Chorcaí chun a chinntiú go mbeidh sainchultúr agus sainàiteanna an chontae san áireamh mar chuid dár spriocanna cultúrtha, is é sin le rá, a Ghaeltachtaí agus stair mhuirí agus a bhailte múrtha agus a chroíthailte tuaithe.

Tá an cultúr le sonrú gach áit thart timpeall orainn i gContae Chorcaí, agus é go smior ionainn; in ár gcroí agus in ár n-intinn. Is é a bhí againn tráth agus atá fós againn i láthair na huaire; is é ár bhféiniúlacht é; agus is é a thugann dóchas dúinn don todhchaí. Is é is aidhm don straitéis seo ná go mbeidh dáimh againn lenár bhfíorluachanna mar phobal agus go n-aithneoimid an luach atá i ngach aon duine againn, agus conas a chuireann an luach sin, ar bhealach fiúntach cruthaitheach, lenár gcroí istigh. Tá sé de chumas ag an gcultúr inspioráid agus léargas a sholáthar, an splanc sin atá ionainn a adhaint a chuirfeadh borradh faoin domhan. Agus an méid sin á chur san áireamh, tá gealladh faoin todhchaí i gContae Chorcaí. Ar an gcaoi chéanna ina ndéantar tagairt go minic i bhfilíocht na mBard do sheanscéalta na hÉireann, táthar ag súil go mbeidh ár gcultúr ina ábhar inspioráide don todhchaí atá á chruthú againn lena chéile.

Tá lear mór smaointe iontacha agus coincheap agus tionscadal iontach molta do Chomhairle Contae Chorcaí i gceardlanna agus in aighneachtaí maidir leis an Straitéis seo, agus tá sé soiléir gur Contae é Corcaigh a bhfuil cultúr saibhir fuinniúil aige a bhfuil meas mór againn air. Creideann Contae Chorcaí go bhfuil scéal le hinsint aige don domhan agus go n-inseofar an scéal sin trí Chlár Éire Ildánach.



Baineann cultúr le cách, idir óg agus aosta

*Culture is for everyone, young and old*

# 4 Fís Éire Ildánach do Chontae Chorcaí
## The Creative Ireland Vision for County Cork

IS É FÍS ÉIRE Ildánach ná go mbeidh deis ag gach duine a chónaíonn in Éirinn a c(h)umas cruthaitheach a fhíorú ina iomláine. Is ar bhunús Chúig Cholún Chlár Éire Ildánach a bhainfear an fhís sin amach:

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht san Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

**Colún 4**
Tionscail Chruthaitheachta: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cumarsáide

**Colún 5**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

Is gnéithe lárnacha den fhís iad rannpháirtíocht agus rochtain. Meastar go bhfuil sé riachtanach ceangal a chothú idir ealaíontóirí/cruthaitheoirí eile agus na pobail d'fhonn an fhís a fhíorú.

Áilíonn aon fhíor-fhís tuiscint ar an am i láthair. Is teilgean smaoinimh, inspioráide agus cruthaitheachta atá i gceist – ráiteas a dhéantar, agus tús á chur le haistear, maidir le cén ceann scríbe a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a bheifear ag deireadh an aistir, ach gach uile dhuine ar an aistear sin a bheith ag díriú ar an tasc atá idir lámha. Cuimsíonn an tasc atá idir lámha an t-athrú nó na hathruithe ar mian leis na daoine atá ar an aistear é nó iad a dhéanamh, agus teastaíonn smaointeoireacht chriticiúil chuige sin, chomh maith le neart cruthaitheachta.

Trí Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae Chorcaí 2018–2022, tá an Contae ag dul ar aistear cultúrtha. Tabharfaimid an-chuid in

THE VISION OF Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential. The vision is pursued through the Five Pillars of the Creative Ireland Programme:

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**
The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 5**
Unifying our Global Reputation

Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.

Any true vision requires an understanding of the here and now. It is a projection of thought, inspiration and creativity – a statement, upon embarking on a journey, as to what the destination might be like and what it could indeed be like upon arrival, when everyone on the journey is focused on the task at hand. The task at hand is the change or changes that those partaking on the journey wish to make and this requires critical thinking, and much creativity.

Through the County Cork Culture and Creativity Strategy 2018–2022, the County is on a cultural journey. There is much we will take with us, all of the culture, past and present, that defines who we are as people and that gives us our sense of belonging. When we think about culture we find ourselves asking some



Tacaíonn Ionaid Ealaíon Chontae Chorcaí le réimse mór grúpaí cultúrtha áitiúla. Sa phictiúr tá grúpa de Chomhaltas Eochaille ag taibhiú in Ionad Ealaíon an Mheal ag an gcéad Chomhdháil Éire Ildánach Chontae Chorcaí, Samhain 2017

*The County's existing Arts Centres support a whole range of local cultural groups. Pictured here is the Youghal Comhaltas group in the Mall Arts Centre, performing at the inaugural Creative Ireland County Cork Conference, November 2017'*

éineacht linn, an cultúr uile, idir shean agus nua, arb é an cultúr é a shainíonn cé sinn mar phobal agus a thugann mothúchán an mhuintearais dúinn. Nuair a smaoinímid ar ár gcultúr, cuirimid ceisteanna tábhachtacha fúinn féin. An mbaineann an cultúr leis an tsiamsaíocht amháin nó an mó a bhaineann sé le héisteacht a thabhairt do smaointe nua agus ár gcion uathúil féin a dhéanamh i leith shaol an chultúir? Is gá dúinn an cheist a chur, an cultúr tomhaltóirí atá ann anois seachas cultúr cruthaitheoirí, agus ceist eile is gá dúinn a chur ná an rud é an cultúr atá ina ghné bhreise den tsochaí nó an gné dhílis den tsochaí é, le fírinne, ar gné í atá riachtanach don fholláine, don dearfacht agus don sásamh, ag leibhéal an duine aonair agus ar leibhéal an phobail araon?

Má fhoghlaimímid faoin domhan thart timpeall orainn, is cuid níos tábhachtaí den domhan féin muid. Cabhraíonn léirithe ár gcultúir linn rudaí a fheiceáil ar bhealach difriúil, agus iniúchadh a dhéanamh ar choincheapanna agus smaointe nach bhfuilimid ar an eolas fúthu seachas sin b'fhéidir, nó nach bhfuilimid tar éis an t-aitheantas cuí a thabhairt dóibh inár saol. D'fhéadfadh a leithéid sin de léirithe (mar shampla, ealaín, litríocht agus drámaíocht) leibhéil nua tuisceana a thabhairt dúinn, agus a chur ar ár gcumas, smaoineamh as an nua i dtaca leis na gnásanna is tuairimí cultúrtha réamhcheaptha atá forleathan cheana, agus go deimhin, machnamh a dhéanamh ar an gciall atá le téarmaí amhail rannpháirtíocht agus cuimsitheacht i ndáiríre. Ligeann an cultúr dúinn cuimhneamh ar ár dtodhchaí agus ár machnamh a dhéanamh faoi conas a bheidh cúrsaí amach anseo agus faoin ról (mar phobal agus mar dhaoine aonair) a d'fhéadfadh a bheith ag sochaí chultúrtha maidir lena chur in oiriúint. Más mian

pertinent questions about ourselves. Is culture about entertainment or is it more to do with us entertaining new thoughts and ideas and contributing in our own unique way to the world of culture? We ask, have we become a culture of consumers more so than a culture of creators, and we ask is culture something that exists as an add-on to society or is it indeed an intrinsic aspect, essential to well-being, positivity and fulfilment, both at the individual and community level?

By learning about the world around us through its culture we become a greater part of the world itself. Expressions of our culture help us to see things in a different way, and explore concepts and ideas that we might otherwise be unaware of or indeed that we may not have fully acknowledged in our lives. Such expressions (for example, art, literature and theatre) can bring us to new levels of understanding and allow us to think outside the box of any preconceived cultural norms and notions and indeed to think about what terms such as engagement and inclusion really mean. It allows us to ponder our future and consider what that future may be like and what role (collectively and individually) a cultural society can have in shaping it. If we want to see change, we must be that change – Creative Ireland provides us with this opportunity.
The focus of this strategy is culture; not solely





linn go dtiocfadh athrú ar chúrsaí, is muid féin a chaithfidh a bheith mar bhunchloch an athraithe sin – tugann Éire Ildánach an deis sin dúinn.
Is é an cultúr fócas na straitéise seo; ní siamsaíocht chultúrtha amháin atá i gceist ach, seachas sin, na cúinsí cuí a éascú agus na próisis chearta a chur i bhfeidhm le go mbainfidh an cultúr le gach duine dínn agus go mbeidh ár sainról féin ag gach duine againn ann; le go dtuigfear an luach a ghabhann le comhobair agus go mbainfear leas as an gcultúr chun ár gcáilíocht beatha a fheabhsú, agus le go n-aithneoimid gurb é an bua cultúrtha is mó atá againn ná muid féin, trí bhíthin foghlaim, rannpháirtíochta, cruthú agus comhroinnt lena chéile mar phobal.

Trí aird a dhíriú ar an gcultúr is féidir linn an cultúr a spreagadh. Is é seo a leanas fís Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae Chorcaí 2018 – 2022:

> "***Acmhainneacht iomlán chultúrtha agus chruthaitheach gach duine sa Chontae a chumasú; staid a chruthú inarb ionann muidne agus ár gcultúr agus inar sinne, mar Phobal amháin ar fud an Chontae, an tsócmhainn is cumhachtaí dá bhfuil ag ár gcultúr; ar staid í ina bhfuil eolas againn ar ár stair féin; ina bhfáiltímid roimh an am i láthair agus ina bhfuil muinín againn as an todhchaí atá á cruthú againn i gcomhar lena chéile***."

cultural entertainment, but rather to facilitate the conditions and put the right processes in place so that culture becomes all of us and we all play our part; where we realise the value of common effort and use culture to enhance quality of life, and where we recognise that our greatest cultural offering is ourselves by learning, engaging, creating and sharing with one another as a people.

By aspiring to culture we can inspire culture. The vision of the County Cork Culture and Creativity Strategy 2018 – 2022 is as follows;

> "***To realise the full cultural and creative potential of every person within the County; where our culture becomes us and we, as one Countywide Community, become our culture's greatest asset; where we know our past; embrace the present and trust in the future that we are creating together***."

# 5 Luachanna Éire Ildánach i gContae Chorcaí
# The Creative Ireland Values in County Cork

IS Í ÉIRE ILDÁNACH an Éire s'againne. Is í an Éire í a bhfuil meas againn uirthi agus ar mian linn í a bhronnadh ar an gcéad ghlúin eile. Tá sé fíorthábhachtach gur cur chuige cruthaitheach a bheadh ann, agus ní mór aon chur chuige a bheidh ann a bheith bunaithe ar luachanna den chineál is stuama agus is féidir. Rinneadh na príomhluachanna is bonn leis an Straitéis seo a fhorbairt tar éis plé forleathan a rinne Meitheal Cultúir Chomhairle Contae Chorcaí, agus tar éis moltaí sármhaithe a fháil ón bpobal agus ó dhaoine in earnáil an chultúir ar fud an chontae. Tá na príomhluachanna sin leagtha amach thíos:

### Pobal

Is pobal ceart é ceann a léiríonn meas agus tuiscint ar a éagsúlacht ina hiomláine, agus ceann a thugann tacaíocht don éagsúlacht sin. Ní comhphobal é a chuimsíonn líonraí éagsúla ach is sochaí é a bhfuil muintir an phobail uile ina mbaill de, agus iad nasctha lena chéile tríd an gcultúr, gan srianta ó thaobh a gcumas léirithe de, agus is áit í ina bhfuil nascacht chultúrtha ag gach duine lena chéile agus lena n-áit dúchais.

### Cumarsáid

Tiomantas do chaidrimh agus naisc láidre lena chéile – tuiscint, comhbhá, smaointe nua agus dearbhú seansmaointe a chur chun cinn.

### Cumhachtú

Tiomantas i leith caidreamh maith agus nascacht mhaith idir gach duine – spreagadh a thabhairt i leith tuiscint, báúlacht, smaointe nua agus daingniú seansmaointe a chur chun cinn.

CREATIVE IRELAND IS our Ireland. It is the Ireland that we value and the Ireland that we want to pass on to the next generation. Creativity in approach is paramount, and any approach must be based on the soundest of values. The key values underpinning this Strategy were developed following extensive discussion by Cork County Council's Culture Team, together with excellent suggestions made by the public and cultural advocates around the county. These key values are now set out:

### Community

A true community is one that values, supports and appreciates its diversity in full. It is not a collective of different networks but rather a society of everyone, bonded by culture and boundless in expression, where everyone has cultural connectivity to people and place.

### Communication

A commitment to good relationships and connections with one another – encouraging understanding, empathy, new ideas, and confirmation of old ones.

### Empowerment

Putting people first is the key attribute of empowerment, encouraging and facilitating everyone to play their part in the culture of their County.

### Collaboration

Some of the best creative outputs are arrived at by way of collaboration, when we share ideas and work together towards a shared goal – putting culture at the heart of society.



### Comhoibriú

Is mar thoradh ar chomhoibriú a bhaintear amach cuid de na haschuir chruthaitheacha is fearr dá bhfuil ann, is é sin, nuair a bhíonn daoine ag comhroinnt smaointe agus ag obair i gcomhpháirt lena chéile chun sprioc choiteann a bhaint amach – agus an cultúr á chur i gcroílár na sochaí.

### Rannpháirtíocht

Rannpháirtíocht a spreagadh go moch is go mall ar mhaithe le grá don phobal agus don chultúr. Bíonn fíor-rannpháirtíocht, agus an mothú sin go bhfuil meas ort, ann saor ó éilíteachas agus ó scoiteacht nuair a mhothaíonn gach duine go bhfuil siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus i bhfolláine an Chontae, nuair is mian le gach duine a bheith rannpháirteach amhlaidh agus, go deimhin, nuair a thugann gach duine inspioráid ina leith sin.

### Uilechuimsitheacht

Ag freastal ar an bpobal agus ag fáiltiú roimh thuairimí gach duine, idir óg agus aosta, beag beann ar an gcineál cumais atá acu. Tá smaointe, moltaí agus eispéiris againn uile ar fiú iad a chomhroinnt, agus ba chóir dúinn iarracht a dhéanamh aon choincheapa réamhcheaptha maidir le heisiachas cultúir a chur dínn. Is rud é an cultúr ar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as agus a bheith rannpháirteach ann – in ionaid ealaíne agus i seomraí ranga, i bhfoirm scríofa agus ar an stáitse.

### Éagsúlacht agus Ilchultúrthacht

Is mór an saibhreas atá i gContae Chorcaí ó thaobh an chultúir de, ní hamháin sa chiall thraidisiúnta Éireannach agus maidir le hilchultúrthacht freisin. Tríd an straitéis seo, táthar ag féachaint le tacú le comhroinnt ár scéalta trí bhíthin gníomhaíochtaí ilchultúrtha sa Chontae.

### Participation

Encouraging participation at each and every turn for a love of community and a love of culture. True participation, and that sense of being valued, exists without elitism and without isolation, where everyone feels part of, aspires to and indeed inspires the cultural offering and wellbeing of the County.

### Inclusivity

Reaching out to the community and welcoming all voices, young and old, and people of all abilities. We all have thoughts, ideas and experience worth sharing and should endeavour to break down any preconceived concepts of cultural exclusivity. Culture is for everyone to enjoy and join in – from the art centre to the classroom, from the page to the stage.

### Diversity and Multiculturalism

County Cork is rich in culture, not just culture in the traditional Irish sense, but also with regard to multiculturalism. This strategy seeks to support the sharing of our stories through multicultural activities within the County.

### Preserving Éire

As citizens of Éire and to be true to all who have gone before us, it is important that we value, respect and maintain our traditional Irish culture, heritage, archaeology, architecture and the heroes of our past. From stone masonry, basket-weaving and lace-making to storytelling, traditional Irish music, song and dance, their preservation is essential to the County's cultural wellbeing and identity as too is our understanding of the natural world and its ability to inspire us both culturally and creatively, such as through our placename heritage. Preserving Éire means valuing our

### Éire á Caomhnú

Mar shaoránaigh d'Éirinn, agus chun go mbeimid dílis dóibh siúd a bhí ann romhainn, tá sé tábhachtach go mbeadh meas againn ar chultúr traidisiúnta na hÉireann, lena n-áirítear oidhreacht, seandálaíocht, ailtireacht agus ár laochanna stairiúla, agus go gcaomhnóimid na nithe sin. I measc na nithe sin, áirítear saoirseacht chloiche, fí ciseán, lásadóireacht, seanchas, ceol traidisiúnta Éireannach, amhránaíocht agus damhsa, agus tá caomhnú na nithe sin an-tábhachtach d'fholláine agus d'fhéiniúlacht chultúrtha an Chontae, rud atá amhlaidh freisin i gcás ár dtuisceana ar an domhan nádúrtha agus ar a chumas chun inspioráid chultúrtha agus chruthaitheach a spreagadh ionainn, mar shampla, tríd ár n-oidhreacht logainmneacha. Is ionann Éire Á Caomhnú agus meas a bheith againn ar an nGaeilge agus go deimhin, ar na scéalta faoin seanam agus ar an áit mhiotasach draíochta a chuireann siad in iúl dúinn. Agus Éire á léiriú againn trínár gcultúr, ní foláir dúinn a chinntiú nach de réir do leasanna tráchtála a shocrófar ár gcuid gníomhaíochtaí cultúrtha ach is ceart dúinn díriú ar cad a chiallaíonn Éire dár bpobail. Baineann Éire Á Caomhnú le haitheantas a thabhairt do na luachanna oideachais, inspioráide agus pobail a sholáthraíonn Éire dúinn go léir, idir mhuintir na háite agus chuairteoirí.

### An tOibrí Deonach

Is cnámh droma na hÉireann iad na hoibrithe deonacha. Mar a léirímid ár meas ar na hÓglaigh agus ar laochra an ama atá thart, mar shampla, trí Dheich mBliana na gCuimhneachán Céad Bliain, ní mór dúinn freisin meas a léiriú ar oibrithe deonacha an lae inniu, ós iad sin na daoine is cúis lenár bpobal a bheith ina n-áiteanna níos fearr chun cónaí iontu.

Irish language and indeed the stories of old and the mythical, magical place they evoke. In representing Éire through culture, we must not let commercial interests dictate our cultural offerings but rather focus on what Éire means to our communities. Preserving Éire is about recognising the educational, inspirational and community values that Éire has for all of us, both locals and visitors alike.

### The Volunteer

Volunteers are the backbone of Éire. Just as we value the Volunteers and heroes of the past, through the Decade of Centenaries, for example, so too must we value the volunteers of today, being the people that make our communities better places to live in.

### Cultural Connection

Reawakening the sense of culture and belonging in all of us. This strategy values connectivity with community, nature and learning through culture such as the thoughts and ideas depicted though our stories, films, poems, music, literature and our own Irish language.





### An Nasc Cultúrtha: Meon an chultúir agus an mhuintearais a athmhúscailt i ngach duine dínn

Leagtar béim ar leith sa straitéis seo ar nascacht leis an bpobal agus leis an dúlra agus leis an bhfoghlaim tríd an gcultúr, mar shampla, trí na smaointe agus trí na léargais a léirítear inár scéalta, inár scannáin, inár bhfilíocht, inár gceol, inár litríocht agus sa Ghaeilge.

### Cáilíocht Beatha, Sláinte agus Folláine

Aitheantas a thabhairt don tionchar dearfach is féidir a bheith ag an gcultúr orainn ar fad, i dtaca le cáilíocht na beatha, na sláinte (lena n-áirítear meabhairshláinte) agus na folláine.

### Oideachas

Ceann de na rudaí is luachmhaire a eascróidh as Clár Éire Ildánach ná gach duine, idir óg agus aosta, a spreagadh agus a chumasú chun dul i mbun smaointeoireacht chriticiúil chruthaitheach.

### Quality of Life, Health and Wellbeing

Recognising the positive impact that culture can have for all of us, in our quality of life, health (including mental health) and wellbeing.

### Education

Enabling and encouraging people young and old to think critically and creatively can be one of the most valuable things that comes out of the Creative Ireland Programme.



Cothaíonn cultúr nasc idir daoine agus a gceantar féin mar a léirítear anseo i Mainistir Bhaile an Droichid le linn Cruiniú 2017

*Connecting people and place through culture, as pictured here at Bridgetown Abbey during Cruinniú 2017*

# 6 Na Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chontae Chorcaí
## Strategic Priorities for County Cork

TÁ FÁILTE MHÓR roimh Chlár Éire Ildánach, ní hamháin mar go n-aithníonn sé an tiomantas sárluachmhar i leith an chultúir atá léirithe ag an-chuid grúpaí pobail, eagraíochtaí, ealaíontóirí, scríbhneoirí agus taibheoirí, ach freisin mar go ndíríonn sé ar an ról tábhachtach atá ag an gcultúr, agus ar féidir leis an gcultúr a bheith aige, inár saol agus mar go dtugann sé fíorábhar dóchais dúinn ina leith sin. Forbraíodh na tosaíochtaí seo a leanas tar éis comhairliúchán forleathan laistigh de Chontae Chorcaí, agus mar sin, léiríonn siad, mar is dual d'aon tosaíochtaí, na spriocanna coiteanna maidir le cultúr sa Chontae le linn na chéad cúig bliana eile agus dá éis sin. Roghnaíodh gach tosaíocht go cúramach, agus sainaithníodh gníomhartha ar leith, ionas go ndéanfaí tionchar Éire Ildánach i gContae Chorcaí a uasmhéadú, agus go deimhin, ionas go mbeadh na tosaíochtaí sin ag teacht le cúig Cholún Chlár Náisiúnta Éire Ildánach. Tá sé tábhachtach do gach duine againn a bhfuil grá againn don chultúr go mbeimis inár n-urlabhraithe ar son thábhacht an chláir, agus go ndéanfaimis meon an mhuintearais agus na huilechuimsitheachta, ar sainghnéithe comhchoiteanna iad den chultúr, a chur in iúl do dhaoine ar bhonn leanúnach.

Sainaithníodh sé thosaíocht thábhachtacha le haghaidh na Straitéise seo:

- Tosaíocht a hAon: **Ár nInfreastruchtúr Cultúrtha agus Cruthaitheach a Fheabhsú agus Infheistíocht a Dhéanamh Ann**
- Tosaíocht a Dó: **An Chruthaitheacht a Shaoradh**
- Tosaíocht a Trí: **Aithne a Chur Orainn Féin**
- Tosaíocht a Ceathair: **Rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí cultúir a chur chun cinn agus tacú leis**
- Tosaíocht a Cúig: **Contae Chorcaí a Chur os Comhair an tSaoil**
- Tosaíocht a Sé: **Ár dTeanga Dhúchais**

THE CREATIVE IRELAND programme is most welcome, not only for recognising the invaluable commitment to culture by so many community groups, organisations, artists, writers and performers, but indeed for giving a focus and a real sense of hope to the important place that culture operates and can operate, within all of our lives. The following priorities have been developed following extensive consultation within County Cork, and therefore represent, as any priorities should, the shared goals for culture within the County over the next five years and beyond. Each priority has been carefully chosen, and actions identified, to maximise the impact of Creative Ireland in County Cork and indeed, to correlate with the five Pillars of the National Creative Ireland Programme. It is important for all of those with a love of culture, to advocate for its importance, and bring the shared sense of belonging and inclusion that only culture can give, to more and more people.

Six important strategic priorities have been identified for this strategy:

- Priority One: **Enhancing and Investing in our Local Cultural and Creative Infrastructure**
- Priority Two: **Liberating Creativity**
- Priority Three: **Knowing Ourselves**
- Priority Four: **Supporting and promoting community engagement with culture**
- Priority Five: **Showcasing County Cork**
- Priority Six: **Our Native Voice**



Is lá é Lá Ilchultúrtha Bliantúil Chorcaí nuair a chomhroinnimid ár gcultúir; ag cur aithne níos fearr ar a chéile agus orainn féin

*Cork's Annual Multicultural Day is a day where we share our cultures; learning more about each other and ourselves.*

## Tosaíocht a hAon: Ár nInfreastruchtúr Cultúrtha agus Cruthaitheach a Fheabhsú agus Infheistíocht a Dhéanamh Ann

Is féidir le cruthaitheacht a bheith ann aon uair agus in aon áit. Ní mór do Chontae Chorcaí an chruthaitheacht a chothú trína chinntiú go bhfuil an t-infreastruchtúr riachtanach ann. Is deis iontach í Éire Ildánach le hinfheistíocht a dhéanamh in infreastruchúr cultúrtha laistigh den Chontae chun a chinntiú go bhfuil na hacmhainní cuí thuasluaite ann i suíomhanna éagsúla, rud a bheidh ina chabhair maidir le tacú le cruthaitheacht phobail agus a éascóidh lear mór iarrachtaí cruthaitheacha. Éileoidh sé seo infheistíocht i réimsí ina bhfuil easpa saoráidí d'ainneoin éileamh mór, agus díreofar freisin ar fhoirgnimh atá ann cheana féin, ar foirgnimh iad a d'fhéadfaí a chur in oiriúint le haghaidh úsáid cultúir ag pobail áitiúla agus cleachtóirí cultúir, ach méid beag infheistíochta a dhéanamh iontu.

**Pleanáil agus Infheistíocht maidir le hAcmhainní Cultúrtha**

Déanfar iniúchadh ar acmhainní cultúrtha agus infreastruchtúir chun riachtanais phobail agus chleachtóirí cultúrtha an Chontae a dheimhniú. Go deimhin, ní le gnéithe fisiciúla amháin a bhaineann infreastruchtúr cultúrtha ach, chomh maith leis sin, cuimsíonn sé féilte agus an iliomad bailiúchán a bhaineann le Contae Chorcaí. Ceann de na hacmhainní is tábhachtaí dá bhfuil ann is ea na daoine siúd i gContae Chorcaí a ghabhann do ghníomhaíochtaí cultúrtha, bíodh sin mar dhuine aonair, i gcáil ghairmiúil nó mar phobal, agus déanfaidh an mhapáil seo cur síos ar an ngníomhaíocht chultúrtha ó thaobh na tíreolaíochta de ionas gur féidir na háiteanna ina bhfuil éileamh chultúrtha a shainaithint agus infheistíocht a aimsiú lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní cuí ann ar fud an Chontae.

## Priority One: Enhancing and Investing in our Local Cultural and Creative Infrastructure

Creativity can arise at any time and at any place. County Cork needs to foster creativity by ensuring that the necessary infrastructure is in place. Creative Ireland provides a wonderful opportunity to invest in cultural infrastructure within the County to ensure that the said appropriate resources are in place in a variety of locations, which will help to support community creativity and facilitate a myriad of creative endeavours. This will require investment in areas where facilities are lacking notwithstanding strong demand and existing buildings will also be targeted, that with a small amount of investment, could be adapted for cultural use by local communities and cultural practitioners.

**Cultural Resource Planning and Investment**

An audit of cultural resources and infrastructure will be undertaken to ascertain the needs of communities and cultural practitioners within the County. Cultural Infrastructure is of course not just a physical consideration, but also includes festivals and a myriad of collections that relate to County Cork. One of the most important resources is the people of County Cork that are involved in cultural pursuits, either individually, professionally or as a community, and the mapping exercise will also depict this cultural activity from a geographical perspective, thusly identifying where cultural demand exists and targeting investment to ensure that the right resources exist across the County.





**Bunachar sonraí suíomhanna agus eagraíochtaí cultúrtha laistigh de Chontae Chorcaí**

Cruthóidh Comhairle Contae Chorcaí bunachar sonraí suíomhanna laistigh de Chontae Chorcaí; áireoidh sé sin suíomhanna agus eagraíochtaí atá faoi úinéireacht / á n-oibriú ag an gComhairle, chomh maith le cinn ar leis an bpobal iad, amhail hallaí pobail a bhfuil tábhacht chultúrtha ag baint leo agus ionaid eile, mar shampla, Ionaid Ealaíne agus Amharclanna. Déanfar iniúchadh ar gach ceantar lena fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil ionaid chost-neodracha iontu faoi láthair, ar ionaid iad atá á n-úsáid /ar féidir iad a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí cultúrtha, agus chun an t-éileamh ar ionaid / spásanna den sórt sin a chinneadh. Le hais na spásanna fisiciúla, beidh mionsonraí á dtiomsú agus á gcur ar fáil sa bhunachar sonraí maidir le grúpaí agus eagraíochtaí atá gníomhach i réimse an chultúir, chun go mbeidh léargas eolasach ann ar acmhainneacht i leith cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta sa chontae. Déanfar suas liosta lárnach grúpaí, ealaíontóirí agus áiseanna cultúrtha, lena n-áirítear iad siúd a bhíonn ar siúl trí mheán na Gaeilge. Tá cruthú agus cur chun cinn líonra áiseanna ealaíon, oidhreachta agus cultúir uile-Chontae ag teacht le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Chorcaí.

**Database of cultural sites and organisations within Cork County**

Cork County Council will create a database of cultural sites within County Cork; both those owned /operated by the Council as well as those in Community ownership such as culturally important community halls, and venues such as Art Centres and Theatres. Each locality will be examined to establish whether or not there are present, cost-neutral venues, that are being /can be used for cultural activities and to determine the demand for such centres / spaces. In addition to physical spaces, the database will also collate and provide details on culturally active community groups and organisations to give an informed picture of culture and creative potential in the county. A central list of groups, artists and cultural facilities will be created including those that also operate through Irish. The creation and promotion of a Countywide network of arts, heritage and culture facilities is in keeping with Cork County's Local Economic and Community Development Plan.



Spreagfaidh Éire Ildánach Chontae Chorcaí páistí chun tabhairt faoi shlí chruthaitheach i dteannta a chéile.

*Creative Ireland in County Cork will encourage children to take a creative path together*

**Cuardach Ionad**
Oibreoidh an Mheitheal Cultúir i gcomhar le daoine, idir óg agus aosta, le grúpaí pobail agus le cleachtóirí áitiúla chun ionad in aice láimhe a aimsiú le haghaidh cruinnithe áitiúla, tionscnaimh, imeachtaí, cuir i láthair agus taispeántais a bhaineann leis an gcultúr i gcoitinne, lena n-áirítear roinnt mhaith áiseanna atá faoi úinéireacht / á n-oibriú ag an gComhairle, mar shampla, ionaid oidhreachta / chultúrtha le haghaidh cláir féilte agus eispéiris bheo chuartaíochta. Mar thoradh ar shainaithint láithreacha / ionad nua le haghaidh gníomhaíochtaí cultúrtha, d'fhéadfadh go mbeadh deis ar fáil chun tuilleadh infheistíochta a dhéanamh inár n-infreastruchtúr cruthaitheach agus cultúrtha.

**Spásanna Cruthaitheacha**
I dtaca le háiteanna i gcomhair taibhithe agus léirithe cruthaitheacha, beidh smaointeoireacht chruthaitheach ar siúl ag Contae Chorcaí. Tacófar le reáchtáil imeachtaí cultúrtha in áiteanna cruthaitheacha amhail páirceanna poiblí, margaí seachtainiúla etc., agus cuirfear na himeachtaí sin chun cinn. Mar chuid den tionscnamh seo, tabharfar spreagadh d'úinéirí príobháideacha / d'úinéirí gnó a bhfoirgnimh / láithreáin a chur ar fáil le haghaidh imeachtaí cultúrtha amhail taispeántais ealaíne agus taibhithe ceoil / amharclannaíochta.

**Bailte agus Sráidbhailte a Athbheochan / Tobshiopaí**
Mar chuid de chlár Éire Ildánach, déanfaidh Comhairle Contae Chorcaí scrúdú ar bhealaí ina bhféadfar leasanna eile a bhaint as an-chuid de na foirgnimh tráchtála fholmha inár mbailte agus inár sráidbhailte. Áireoidh sé sin iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann i leith úsáid shealadach a bheith á baint as

**Venue-Find**
The Culture Team will work with people young and old, local community groups and cultural practitioners in finding a nearby venue for local meetings, initiatives, events, performances and exhibitions that relate to culture generally, including a number of Council owned / operated facilities such as heritage / cultural sites for festival programmes and animated visitor experiences. The identifying of new locations / venues for cultural output has the potential to see further investment in our creative and cultural infrastructure.

**Creative Spaces**
Regarding locations for creative performances and productions, the County of Cork will think creatively. The holding of cultural events in creative locations such as public parks, weekly markets, etc. will be supported and promoted. As part of this undertaking private / business owners will be encouraged to allow their buildings / sites to be used for cultural events such as art exhibitions and musical / theatrical performances.

**Revitalising Towns and Villages / Pop-up Shops**
As part of the Creative Ireland programme Cork County Council will examine means through which alternative uses may be found for many of the vacant commercial buildings in our towns and villages. This will include examining potential for temporary use of commercial premises by arts and cultural







Foireann Cultúir Chomhairle Contae Chorcaí ag an gcéad Chomhdháil Éire Ildánach Chontae Chorcaí.

*Members of Cork County Council's Culture Team at the inaugural Creative Ireland County Cork Conference'*

áitribh thráchtála ag eagraíochtaí ealaíon agus cultúrtha agus i leith na struchtúr nach mór a bheith ann chuige sin. Forbrófar Tionscnamh na dTobshiopaí go háirithe maidir le tacú le gníomhaíochtaí de chuid eagraithe Féilte, lena chinntiú go bhfuil dóthain spáis ann dá ngníomhaíochtaí, agus cuirfear chun cinn é laistigh de gach ceann de na hocht gCeantar Bhardasacha atá ann i gContae Chorcaí. An buntáiste breise a bhaineann leis seo ná go bhforlíonfaidh sé le Sráid-Dreach, Péinteáil, Comharthaíocht agus Scéim Feabhsaithe na gCeantar Bardasach, a lainseáladh in Aibreán 2017, rud a mhéadóidh tarraingteacht/folláine chultúrtha ár mbailte, ár sráidbhailte agus ár bparóistí.

**Bailiúcháin Chontae Chorcaí**
Maidir leis na bailiúcháin a bhaineann le Contae Chorcaí, is é sin, na cinn a bhfuiltear ar an eolas fúthu agus cinn eile atá ar marthain lasmuigh den réimse poiblí, is cuid an-tábhachtach iad d'infreastruchtúr cultúrtha an Chontae. Soláthraíonn an Clár Éire Ildánach an deis chun cartlanna (idir dhigiteach agus fhisiciúil) a fheabhsú agus eagróidh Comhairle Contae Chorcaí laethanta bailithe ar lena linn a iarrfar ar an bpobal rud ar bith a bhaineann leis seo (stair ó bhéal, grianghraif, doiciméid etc.) a chur ar fáil. Mar thoradh ar thionscadal cianrochtana den chineál sin, d'fhéadfaí teacht ar bhailiúcháin neamh-iniúchta nó ar bhailiúcháin nach rabhthas ar an eolas fúthu roimhe seo, agus é mar sprioc dheiridh leis sin ná go mbeadh na bailiúcháin sin le fáil in áit lárnach nó ar líne, mar shampla, trí Láithreán Gréasáin Staidéar Áitiúil Leabharlann Chontae Chorcaí.

organisations and the structures that need to be put in place. The Pop-up Shops Initiative will be developed particularly in relation to supporting the activities of Festival organisers, to ensure adequate space for their activities, and will be promoted within each of County Cork's eight Municipal Districts. This has the added benefit of supplementing the Municipal District Streetscape, Painting, Signage and Improvement Scheme, launched in April 2017, increasing the cultural attractiveness/well-being of our towns, villages and parishes.

**Collecting County Cork**
Collections that relate to County Cork, both known and extant outside of the public sphere, form a very important part of the County's cultural infrastructure. The Creative Ireland Programme provides the opportunity to enhance archives (digital and physical) and Cork County Council will organise collections days where the public will be requested to submit what they have to same (oral histories, photographs documents, etc.). Such an outreach project has the potential to discover unexplored or heretofore unknown collections with the end purpose of making these available centrally/online such as via Cork County Library's Local Studies Website.





**Pleanáil Phobail**
Tá tuiscint shuntasach ag pobail ar a bhfuil chun leasa a bpobail. Sa straitéis seo, aithnítear fiúntas na pleanála pobail i dtaca le cultúr de agus, trí bhíthin raon beart, lena n-áirítear pleananna atá bunaithe ar an gcultúr/oidhreacht, tacófar le pobail atá ag iarraidh tairbhe a bhaint as láidreachtaí agus sócmhainní a gceantair agus ar mhaith leo cur leis na gnéithe sin mar phobal. Áireoidh sé sin tionscadail a bhaineann leis an oidhreacht fhoirgnithe agus leis an oidhreacht seandálaíochta.

**Cultúr agus Comhairle Contae Chorcaí**
Tá roinnt Stiúrthóireachtaí éagsúla ag Comhairle Contae Chorcaí agus cuimsíonn na stiúrthóireachtaí sin an-chuid rannán éagsúil. Oibreoidh Meitheal Cultúir na Comhairle ar fud na heagraíochta chun an cultúr a dhaingniú tuilleadh mar chuid de na seirbhísí iomadúla a thairgeann Comhairle Contae Chorcaí, mar shampla, pleanáil agus athnuachan pobail atá bunaithe ar an gcultúr; bóithre agus an rannán Ealaíon etc.

**Community Planning**
Communities have considerable understanding as to what is in the interests of their community. This strategy recognises the value of community planning with regard to culture and through a range of measures including cultural/heritage led plans, will support communities who look to the strengths and assets of their area and seek to build on them as a community. This will include projects that relate to built and archaeological heritage.

**Cork County Council and Culture**
Cork County Council has a number of different Directorates comprising many different sections. The Council's Culture Team will work across the organisation to further embed culture as part of the many services offered by Cork County Council, for example, culture-led community planning and regeneration; roads and the Arts section, etc.



Tá Cruthaitheacht sa Ghairdín ina cuid lárnach de Chomórtas Gairdín Scoile Chontae Chorcaí. Tá fáilte roimh gach uile bunscoil cur isteach ar an gcomórtas seo atá faoi chúram Mhuintir na Tíre agus Rannóga Comhshaoil/Oidhreachta Chontae Chorcaí araon.

*Creativity in the Garden is a key part of the County Cork School Garden Competition, open to all primary schools and run by Muintir na Tíre and Cork County Council's Environment and Heritage Sections'.*

### Tosaíocht a Dó: An Chruthaitheacht a Shaoradh

Tá an-chuid cineálacha éagsúla cruthaitheachta ann, agus bíonn gach duine cruthaitheach ar chaoi éigin, gach uile lá. I gContae Chorcaí, cuirfidh Clár Éire Ildánach iniúchadh an chumais chruthaithigh chun cinn, ag leibhéal an duine aonair agus ag leibhéal an phobail araon, ionas go gcothófar dáimh leis an gcultúr agus go gcothófar an dáimh sin tríd an gcultúr le go mbeidh deis ag gach duine a bheith rannpháirteach. Tríd an gcruthaitheacht a shaoradh, beidh pobail iomlána ar an eolas faoina gcultúr agus beidh siad ina gcuid dhílis de. Is ionann An Chruthaitheacht a Shaoradh agus cultúr a chur in iúl agus Éire Ildánach a chur in iúl.

**Bileog Eolais faoi Chontae Chorcaí Ildánach**
Ullmhóidh Comhairle Contae Chorcaí bileog eolais shothuigthe a scaipfear go forleathan chun daoine a chur ar an eolas faoi Éire Ildánach agus chun rannpháirtíocht a spreagadh.

**Cianrochtain Chontae Chorcaí Ildánach**
Mar chuid d'fheidhmiú Chlár Éire Ildánach i gContae Chorcaí, rachfar i dteagmháil le daoine de chuid gach aicme cumais agus féachfar lena chinntiú, a oiread agus is féidir, nach ndéanfar neamhshuim de dhuine ar bith ó thaobh an chultúir de. Beidh cur chuige cruthaitheach ag teastáil chuige seo, lena n-áireofar tacaíocht do dheiseanna cruthaitheacha in ospidéil agus i dteaghaisí do dhaoine scothaosta, mar aon le reáchtáil imeachtaí cultúrtha ar féidir le daoine caidreamh a dhéanamh lena chéile lena linn, beag beann ar a n-aois, ar a gcumas agus ar a n-aicme sa tsochaí. Chun tacú leis an gcuspóir seo, feabhsófar clár na Comhairle maidir le hEalaíontóirí Cónaitheacha le go mbeidh cláir atá bunaithe ar chónaitheachtaí ann i réimse na n-amharcealaíon, na n-ealaíon taibhiúcháin, na scannánaíochta agus na scríbhneoireachta. Áireoidh sé freisin seoladh 'Three's Company' sa Chontae, ar iarracht é chun imeachtaí idirghlúine a spreagadh a mbeidh spéis ag tuismitheoirí, seantuismitheoirí agus garleanaí iontu. Ina theannta sin, cuimseoidh cianrochtain béim níos láidre ar chur chun cinn an chultúir i measc an oiread daoine agus is féidir, go háirithe tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) agus trí fhoinsí meán éagsúla.

**Scil Chruthaitheach a Aimsiú**
Tacóidh Comhairle Contae Chorcaí le ceardlanna, le hoiliúint agus le deiseanna, agus éascóidh sí nithe den sórt sin, do thosaitheoirí, idir óg agus aosta, ar mian leo gníomhaíochtaí cruthaitheacha de gach saghas a thriail, mar shampla, iarracht a bhaint as uirlis cheoil a sheinm a bhuí le leabharlann iasachtaithe uirlisí ceoil na Seirbhíse Leabharlainne, a cuireadh ar bun le deireanas. Seolfar Trialacha / Deiseanna Cruthaitheachta i roinnt Leabharlann agus in áiteanna eile, go háirithe i gcás go bhfuil grúpaí áitiúla ag iarraidh a bheith páirteach ag leibhéal áitiúil – agus é sin bunaithe ar an aitheantas a thabhairt ar chumas an chultúir i leith freastal ar an bpobal forleathan ar fad, chomh maith le freastal ar ionaid uirbeacha atá ann cheana.

**Cruthaitheacht inár Scoileanna agus Cruinniú**
Tá an ghné óige d'Éire Ildánach thar a bheith tábhachtach, agus ba chóir go ndéanfaí tréaniarracht 'cur chuige iomlánaíoch [a chur] chun cinn maidir le spreagadh agus tacaíocht a thabhairt i leith na cruthaitheachta, na samhlaíochta agus an fhéinléirithe i measc leanaí óga'. Is é a bheidh i gceist leis sin ná dul chun cainte le múinteoirí agus le cumainn tuismitheoirí d'fhonn an raon gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus rannpháirtíochta a leathnú i measc daoine óga. Déanfar scéimeanna atá i bhfeidhm cheana féin ar bhonn náisiúnta agus a oibrítear i scoileanna Chontae Chorcaí a chur chun





### Priority Two: Liberating Creativity

Creativity comes in many different forms, and every single person is creative in some manner, shape or form, every single day. In County Cork, the Creative Ireland Programme will encourage the exploration of creative ability, both at individual and community level, to foster a sense of belonging to culture and through culture, where everyone has the opportunity to get involved. In liberating creativity, entire communities will know their culture and be an integral part of it. Liberating Creativity is about communicating culture, communicating Creative Ireland.

**Creative County Cork Information Leaflet**
Cork County Council will produce a user-friendly information leaflet for widespread dissemination to inform people about Creative Ireland and to encourage involvement.

**Creative County Cork Outreach**
Operation of the Creative Ireland Programme in County Cork will involve reaching out to people of all abilities and will endeavour to ensure that no one has felt sidelined by culture. This will involve a creative approach and will include supporting creative opportunities in hospitals and old-age homes as well as the holding of cultural events where people of all ages, abilities and walks of life can interact. In support of this objective the Council's Community based Artist in Residence programme will be enhanced to include residency based programmes in visual and performing arts, film and writing. It will also include the rollout of 'Three's Company' in the County, an incentive to see the holding of intergenerational events, that appeal to parents, grandparents and grandchildren. Outreach will also include a greater emphasis on promoting culture to as wide a reach as possible, particularly through the PPN network and through a variety of media sources.

**Discover a Creative Skill**
Cork County Council will support and facilitate workshops, training and opportunities for newcomers, young and old, to try their hand at any number of creative outputs, for example, trying one's hand at playing a musical instrument thanks to the Library Service's recently established musical instrument lending library. Creativity Trials / Opportunities will be rolled out to a number of Libraries as well as further locations, particularly where local groups seek to get involved at the local level – based on a recognition that culture can serve the wider community, as well as existing urban centres.

**Creativity in our Schools and Criunniú**
The youth aspect of Creative Ireland is very important and every effort should be made to promote, as stated in the Creative Youth Plan, 'a holistic approach to encouraging and supporting creativity, imagination and individual expression in young children'. This will involve engaging with teachers and parents' associations with the goal of extending the range of creative activities and participation amongst young people. Existing nationally run schemes that operate in County Cork Schools will be promoted such as Poetry Ireland's Writers in Schools;

cinn, mar shampla, Scríbhneoirí i Scoileanna, ar tionscnamh de chuid Éigse Éireann é; an clár 'Craft Ed.' de chuid na Comhairle Ceardaíochta; agus an Scéim 'Oidhreacht i Scoileanna' de chuid na Comhairle Oidhreachta. De bhreis ar an méid sin, tá neart clár ann faoi stiúradh Chomhairle Contae Chorcaí, mar shampla, Ealaíontóirí sa Scoil, 'Tuning-Up' agus an Cumadóir sa Seomra Ranga, mar aon le Scoil Cheoil an Chontae sa Bhord Oideachais agus Oiliúna. Is imeacht náisiúnta é Cruinniú trína spreagtar do dhaoine óga páirt a ghlacadh sa chultúr, agus cuirfear chun cinn go láidir é i gContae Chorcaí, go háirithe tríd an líonra Scoileanna.

**Suaitheantais 'Cruthaithe i gCorcaigh'**
Cuirfidh Comhairle Contae Chorcaí suaitheantais 'Cruthaithe i gCorcaigh' ar fáil agus beidh lógó Éire Ildánach le feiceáil orthu. Na daoine a chaitheann na suaitheantais sin, beidh nasc acu láithreach lena chéile, rud a thabharfaidh mórtas do gach duine atá páirteach sa Chlár.

**Boscaí Moltaí Leabharlainne**
I ngach ceann d'Fhoirgnimh Leabharlainne Chomhairle Contae Chorcaí, agus i ngach Leabharlann Taistil dá cuid, suiteálfar bosca moltaí chun spreagadh a thabhairt d'úsáideoirí na leabharlainne a dtuairimí agus a smaointe maidir le hÉire Ildánach a chur faoinár mbráid.

**Na hEalaíona i Leabharlanna, agus na hEalaíona san Oideachas**
Bainfear leas as an gclár 'Ealaíona i Leabharlanna' chun rochtain ar na hEalaíona a chur ar fáil do dhaoine óga agus do dhaoine scothaosta.

the Craft Council's Craft Ed. Programme and the Heritage Council's Heritage in Schools Scheme. In addition to these are the many Cork County Council led Programmes such as Artists in School, Tuning-Up and Composer in the Classroom, for example, as well as the Cork ETB's County School of Music. Cruinniú – a national event, which encourages young people to get involved in culture - will also be strongly promoted in County Cork, particularly through the School network.

**Created in Cork badges**
Cork County Council will produce 'Created in Cork' badges, which will utilise the Creative Ireland logo. Those who don the badges will then have an automatic connection with one another, giving a sense of pride to all of those engaged in the Programme.

**Library Suggestion Boxes**
In each of Cork County Council's Library Buildings and mobile Libraries, a Creative Ireland suggestion box will be installed to encourage the sharing of thoughts and ideas on Creative Ireland by Library users.

**Arts in Libraries, Arts in Education**
Access to the Arts for young people and senior citizens will be promoted through the Arts in Libraries programme and through a number of Arts in Education Programmes.





**Scríbhneoireacht Chruthaitheach**
Cuirfidh Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí scríbhneoireacht chruthaitheach chun cinn trí leanúint de chlár an Scríbhneora Chónaithe ar fud an Chontae agus trí cheardlanna a eagrú chun scileanna scríbhneoireachta i measc déagóirí a fhorbairt. Ina theannta sin, coimeádfar comórtas scríbhneoireachta cruthaithí (From the Well) ar bun, ar comórtas é a bhfuil éirithe go geal leis le tamall de bhlianta anuas.

**Léitheoireacht do Leanaí**
Tabharfaidh Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí faoi raon gníomhaíochtaí chun an litríocht agus an litearthacht a chur chun cinn i measc leanaí, amhail trí Thionscadal Léitheoireachta an tSamhraidh.

**Nádúr na Cruthaitheachta**
Bhí sé de bhua ag an dúlra riamh an chruthaitheacht a spreagadh ach is cúis imní é go bhfuilimid ag maireachtáil anois i gcibearbhoilgeog agus, dá bhrí sin, gur lú ár dtuiscint faoin domhan nádúrtha atá thart orainn. Tá taighde déanta ag an gComhairle Oidhreachta le déanaí ina léirítear go bhfuil 'buntáistí suntasacha, ó thaobh na sláinte agus na folláine freisin, ag baint lena bheith amuigh faoin aer agus ag plé leis an gcomhshaol'. I gContae Chorcaí, déanfar an tábhacht a bhaineann le tuiscint ar dhomhan an dúlra a chur chun cinn i scoileanna agus trí thionscadail agus imeachtaí atá dírithe ar dhaoine i ngach aoisghrúpa agus i ngach gairm bheatha, mar shampla, Comórtas Gairdíní Scoile Chontae Chorcaí, a chuireann bithéagsúlacht, cruthaitheacht, bia shláintiúil, ealaín sa ghairdín agus téamaí cultúrtha de shaghsanna eile nach iad chun cinn.

**Creative Writing**
Cork County Council's Library and Arts Service will promote the art of creative writing through the continuation of the Writer in Residence programme throughout the County and also by holding workshops to develop teenage creative writing skills. A creative writing competition (From the Well) will also be maintained, having proven very successful over the last number of years.

**Reading for Children**
Cork County Council's Library and Arts Service will undertake a range of activities to promote literature and literacy to children such as the Summer Reading Project.

**The Nature of Creativity**
Nature has always had an ability to inspire creativity, however, there are fears that we are increasingly living in a cyber bubble and hence learning less about the natural world that contains us. Recent research by the Heritage Council has shown that 'there are significant benefits, including to health and well-being, to contact with the outdoors and the environment'. In County Cork the importance of understanding the natural world will be promoted through schools and through projects and events aimed at all ages and all walks of life, for example, the County Cork School Gardens Competition, which promotes biodiversity, creativity, healthy eating, art in the garden and various cultural themes.

**Cruthaitheacht Ilchultúrtha**
Is éagsúil go mór na cúlraí difriúla cultúrtha atá ann i gContae Chorcaí. Is deis iontach é sin chun foghlaim faoi na cultúir dhifriúla inár gContae dúchais agus, sa tslí sin, níos mó a fhoghlaim fúinn féin mar phobal. Déanfar an chruthaitheacht agus an ghníomhaíocht ilchultúrtha a chur chun cinn, a iniúchadh agus a chur ar taispeáint.

**Teicneachruthaitheacht**
Bíonn an cultúr ag síorathrú agus i gContae Chorcaí, spreagfar foirmeacha nua ealaíne cruthaithí a mbíonn leas á bhaint acu as modhanna éagsúla teicneolaíochta.

### Tosaíocht a Trí: Aithne a Chur Orainn Féin

Níl an chruthaitheacht docht. Tá catalaíoch ag teastáil chun borradh a chur faoin nasc, nó faoin ngaolmhaireacht, idir an intinn agus an ghníomhaíocht chultúrtha ar leith a roghnaítear as measc na gcineálacha iomadúla cultúir a mbíonn an chruthaitheacht ina cuid dhílis díobh. Braitheann sé seo ar an-chuid tosca agus féachtar sa straitéis seo leis an áit nó dearcadh úd a mhúscailt inar féidir le fíor-chruthaitheacht tarlú, go háirithe i gcás gurb iad na daoine agus na háiteanna is ansa linn a spreagann í. I gcás na tosaíochta seo dáiríre, féachtar le grá don áit dúchais a chothú trínár stair agus trínár n-oidhreacht – an cultúr atá tagtha slán chugainn agus atá tagtha chun cinn, glúin i ndiaidh glúine.

**Bíodh aithne agat ar do mhuintir & bíodh aithne agat ar d'áit**
Daoine a spreagadh i leith tuiscint agus meas a bheith acu ar an gcultúr agus an chruthaitheacht, agus i leith iniúchadh a dhéanamh ar an saol trí ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta; is é atá i gceist ná na daoine agus na háiteanna céanna a thugann tuiscint dúinn i dtaobh cé muid

**Multicultural Creativity**
In the County of Cork there is a great diversity of different cultural backgrounds. This presents a great opportunity to learn about different cultures in our home County and in turn learn a lot more about ourselves collectively. Multicultural creativity and activity will be encouraged, explored and showcased.

**Techno-Creativity**
Culture is ever-evolving and in the County of Cork, new creative art forms which utilise various means of technology will be encouraged.

### Priority Three: Knowing Ourselves

Creativity is not rigid. It needs a catalyst to power the connection, or that sense of oneness, between the mind and the select choice of any one of many cultural outputs through which all creativity flows. This is dependent on a variety of factors and this strategy seeks to evoke that place or mind-set where true creativity can occur, particularly where it is inspired by the people and places we have come to know. As such, this priority seeks to foster a sense of belonging to place through our history and heritage – the culture which has passed down and sprung up, generation after generation.

**Know your people & Know your place**
A focus on promoting and encouraging people to understand, appreciate and explore through culture and creativity, the very people and places that give us our sense of who we are and where







Déan am do Chruthaitheacht. Seo ceann amháin den iliomad taispeántas in 'Youghal Clock Gate Tower'

*Make time for Creativity. Pictured here is one of the many exhibitions in the 'Youghal Clock Gate Tower'*

féin agus cad as dúinn, agus i dtaobh an naisc atá ann idir iad agus Éire an lae inniu a bhfuil grá againn di. Samplaí de sin is ea iad ár n-oidhreacht fhoirgnithe agus ár seandálaíocht; éiceolaíocht agus an timpeallacht nádúrtha; an Ghaeilge, ár gceol agus ár ngnásanna; cuimhneacháin (mar shampla, Deich mBliana na gCuimhneachán Céad Bliain agus an Gorta Mór), agus béim á leagan ar laochra gach Paróiste, a bhfuil gean ag pobail áitiúla orthu, mar shampla, Féile na Laoch, a bhíonn ar siúl gach seacht mbliana. Beidh 'bíodh aithne agat ar do mhuintir & bíodh aithne agat ar d'áit' dírithe ar dhaoine i ngach aoisghrúpa, agus ar ghrúpaí pobail áitiúla, agus spreagfaidh sé idirghníomhaíocht fhorleathan agus foghlaim idirghlúine.

**Oidhreacht Liteartha Chontae Chorcaí**
Tá sé d'aidhm ag an Oifig Ealaíon taighde a dhéanamh ar oidhreacht litríochta an Chontae agus sraith cainteanna a choimisiúnú, agus iad a fhoilsiú ina dhiaidh sin, agus áireoidh an tionscadal seo fili Shliabh Luachra, mar aon le saothar litríochta scríbhneoirí amhail Canon Sheehan, Bowen, Daniel Corkery, Seán Ó Ríordáin agus daoine eile nach iad. Beidh saothar de chuid Fhilí Chorcaí atá fós ina mbeatha [agus é seo á scríobh] ann freisin, mar shampla, Maurice Riordan, Bernard O'Donoghue, Derek Mahon agus James Harpur. Tá sé beartaithe go n-eagrófar sraith cainteanna i leabharlanna áitiúla roimh fhoilsiú.

**Staidéir Áitiúla ar Líne**
Is sprioc é an acmhainn Staidéar Áitiúil ar líne de chuid Sheirbhís Leabharlainne an Chontae (www.corklocalstudies.ie), atá ar fáil saor in aisce don phobal, a chur ar aghaidh trí leanúint de dhigitiú a dhéanamh ar bhailiúcháin grianghraf an Chontae, ar ábhar a bhaineann le blianta na réabhlóide agus ar ábhar taispeántas.

we are from, and their connection and relevance to the Ireland we cherish today. Such examples include our built heritage and archaeology; ecology and the natural environment; our Irish language, music and customs; commemorations (such as the Decade of Centenaries and the Famine) and a focus on the heroes of every Parish, who are held dear by local communities, for example the Féile na Laoch Festival held every seven years. Know your people and Know your place will also be geared towards people young and old, and local community groups, encouraging widespread interaction and intergeneration learning.

**The Literary Heritage of County Cork**
The Arts Office proposes to research, commission and subsequently publish a series of talks on the literary heritage of the county to include the Sliabh Luachra poets including the literary output of writers such as Canon Sheehan, Bowen, Daniel Corkery, Sean O Riordain and others. The work of living Cork Poets such as Maurice Riordan, Bernard O'Donoghue, Derek Mahon and James Harpur will also be included. It is proposed that a series of talks will be organised in local libraries prior to publication.

**Local Studies Online**
It is a goal to advance the County Library Service's Local Studies online resource (www.corklocalstudies.ie), which is freely available to the public, by continuing the digitisation of the County's photographic collections, revolutionary years-related material and exhibition material.

**Taighde a Spreagadh – Cruthaitheacht Spreagtha**
Spreagfaidh Comhairle Contae Chorcaí naisc idir na grúpaí a aimsíonn tuilleadh eolais faoi stair a gceantair agus na healaíontóirí a chuireann an t-eolas sin in iúl, is é sin, péintéirí, déantóirí, scríbhneoirí agus daoine cruthaitheacha eile nach iad.

**Sprioc Choiteann**
Leagfaidh Comhairle Contae Chorcaí réimsí coiteanna fócais amach a mbeidh grúpaí áitiúla agus daoine aonair in ann iad a úsáid chun a n-aschuir chruthaitheacha agus a dtionscnaimh chultúrtha a spreagadh. De bhreis ar nithe a bhaineann le cultúr agus oidhreacht áitiúil, cuimseofar téamaí náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin, mar shampla, Téamaí Bliantúla Eorpacha / Idirnáisiúnta (amhail Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 agus Bliain Idirnáisiúnta na dTeangacha Dúchasacha 2019), agus Seachtainí Bliantúla a Chomhordaítear ar bhonn Náisiúnta amhail Seachtain na Gaeilge, Seachtain Leabhar na bPáistí, Bealtaine, an Lá Náisiúnta Filíochta, an Lá Náisiúnta Líníochta, Seachtain na hEolaíochta, Seachtain na hOidhreachta, an Oíche Chultúir agus Seachtain na gCrann. Chun cuidiú a sholáthair maidir le daoine a chur ag smaoineamh faoi raon leathan aschur cruthaitheach agus tionscadal cultúrtha, déanfar liosta dátaí agus téamaí tábhachtacha atá bainteach le cúrsaí cultúir a chur ar fáil ar líne ag www.corkcoco.ie/arts-heritage.

**Inspiring Research – Inspired Creativity**
Cork County Council will encourage connections between the groups who unearth more about the history of their area and the artists who convey this, i.e. painters, makers, writers, and other such creative people.

**A Common Cause**
Cork County Council will set out common areas of focus that local groups and individuals can use to inspire / encourage their creative outputs and cultural undertakings. In addition to aspects relating to local culture and heritage, national and international themes will also be included such as European / International Yearly Themes (for example 2018 as the European Year of Cultural Heritage and Bliain na Gaeilge, and 2019 as the International Year of Indigenous Languages), and Nationally Coordinated Annual Weeks such as Seachtain na Gaeilge, Children's Book Week, Bealtaine, National Poetry Day, National Drawing Day, Science Week, Heritage Week, Culture Night and Tree Week. In order to assist in focussing the minds for a variety of creative outputs and cultural projects, a list of culturally relevant key dates and themes will be posted online at www.corkcoco.ie/arts-heritage.

**Sraith Foilseachán faoi Oidhreacht Chontae Chorcaí**
Leanfaidh Aonad Oidhreachta Chomhairle Contae Chorcaí dá Shraith Foilseachán faoi Oidhreacht Chontae Chorcaí a chur ar fáil, ar sraith í atá aitheanta go náisiúnta agus a thugann léargas ar ghnéithe éagsúla de chúrsaí oidhreachta / cultúrtha laistigh den Chontae. Tugtar cuireadh i ngach foilseachán do gach duine sa Chontae grianghraif, cuntais áitiúla agus mionsonraí cultúrtha a chur isteach lena gcur isteach san fhoilseachán, rud a théann go mór chun tairbhe don saothar.

### Tosaíocht a Ceathair: Rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí cultúir a chur chun cinn agus tacú leis

I gContae Chorcaí, táimid tiomanta i leith tionscadail a eagrú atá dea-ullmhaithe, comhoibríoch agus táirgiúil, agus iad dírithe ar an bpobal, agus ar tionscadail iad a chuireann an cultúr i gcroílár na sochaí, a aithníonn ról fíorluachmhar an oibrí dheonaigh, agus lena ngabhannn tionchar dearfach ar chumas cruthaitheach gach duine, idir óg agus aosta, chomh maith le tairbhí dearfacha i dtaca le huilechuimsitheacht shóisialta, meabhairshláinte agus folláine. Tá sé d'acmhainneacht ag an gcultúr athruithe a dhéanamh, agus forbrófar cláir ar leith chun tacú le cur i bhfeidhm na n-athruithe sin.

Tá an méid seo bunaithe ar an tuiscint go bhfuil an-éagsúlacht ag baint le pobail. Má táimid ag iarraidh comhtháthú agus rannpháirtíocht cheart a bhaint amach, ní mór dúinn pobail iomlána a spreagadh seachas spreagadh a thabhairt do líonraí daoine a bhfuil suim acu sa rud céanna. Is é atá sa ghné is fearr den chultúr ná an éagsúlacht a bhaineann leis, agus soláthróidh an straitéis seo deiseanna a thabharfaidh daoine le chéile ó chúlraí éagsúla chun tuairimí éagsúla a thairiscint agus chun foghlaim óna chéile.

**Heritage of County Cork Publication Series**
Cork County Council's Heritage Unit will continue its production of the nationally recognised Heritage of County Cork publication Series, which sheds a light on a variety of heritage / cultural aspects within the County. Each publication benefits by inviting everyone in the County to get involved by submitting photographs, local accounts and cultural details for inclusion.

### Priority Four: Supporting and promoting community and engagement with culture

In County Cork, we strive to see a commitment to well-thought out, collaborative and productive community focused projects that put culture at the heart of society; recognise the invaluable role of the volunteer, and have positive impacts on the creative potential of people young and old as well as positive benefits for social inclusion, mental health and wellbeing as a whole. Culture has the potential to really make a change and specific programmes will be developed to assist in realising this change.

This is based on an understanding that communities are so varied. To have true integration and involvement we need to encourage communities in every sense and not simply networks of similarly interested people. The beauty of culture is the beauty of diversity and this strategy will provide opportunities that will bring people together from different backgrounds to offer different perspectives







Ag comhroinnt ár scéalta sa Leabharlann ar Lá Filíochta Náisiúnta

*Sharing our stories in the Library on National Poetry Day*

Cuirfear an cultúr os comhair lucht féachana nua, agus beidh ealaíontóirí ag obair i gcomhar le pobail chun tionscadail spreagtha a chur i gcrích lena chéile. Cuirfidh sé sin deiseanna ar fáil lena chinntiú go mbeidh éileamh i gcónaí ar cheardaíocht thraidisiúnta agus ar scileanna traidisiúnta.

**Gradam Bhaile Ealaíon-bháúil / Cruthaitheach Chontae Chorcaí**
Mar aitheantas d'iarrachtaí iontacha áitiúla Chontae Chorcaí i réimse an chultúir, ar iarrachtaí iad a chuirtear i bhfeidhm trí Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí, tá moladh ann go dtabharfar isteach Gradam Bliantúil Bhaile Ealaíon-bháúil / Cruthaitheach Chontae Chorcaí agus, chuige sin, déanfaidh bailte agus sráidbhailte moltaí ar dá réir a ainmneofar iad mar an baile is cruthaithí i gContae Chorcaí. Spreagfaidh an scéim seo bailte agus sráidbhailte agus na grúpaí pobail agus na húinéirí gnó atá iontu, aird a thabhairt ar a gcuid acmhainní ealaíon agus cultúir féin agus meas a bheith acu orthu, agus teacht le chéile ar mhaithe leis an gcultúr.

**Gradam Chomhairle Contae Chorcaí i leith Oibrí Deonach na Bliana**
Mar aitheantas don sár-ról atá ag oibrithe deonacha maidir le cúrsaí cultúir, glacfaidh Comhairle Contae Chorcaí le hainmniúcháin gach bliain faoi choinne Oibrí Deonach na Bliana agus bronnfar duais ar an té a ghnóthóidh an gradam sin.

**Ceisteanna agus Fiosruithe faoi Chontae Chorcaí**
Tacóidh an Mheitheal Cultúir le grúpaí cultúrtha / pobail, le heagraíochtaí, le daoine aonair, le hoibrithe deonacha agus le scoileanna áitiúla trí cheisteanna a bhaineann le cúraimí na Meithle a fhreagairt go tráthúil, a oiread agus is féidir. Is féidir ceisteanna / fiosruithe a sheoladh chuig creativeireland@corkcoco.ie.

and to learn from one another. Culture will be brought to new audiences and artists will be connected with communities to undertake inspired projects together. This will provide opportunities to ensure that traditional crafts and skills remain in demand.

**The County Cork Arts-Friendly / Creative Town Award**
In recognition of County Cork's wonderful local cultural endeavours, through Cork County Council's Arts Office it is proposed to develop an Annual Arts-Friendly / Creative Town Award, which will see towns and villages make proposals with the aim of being designated as County Cork's most Creative town. Such a scheme will encourage towns and villages, their community groups and business owners, to look to and value their own arts and cultural resources and come together in the interests of culture.

**County Cork Cultural Volunteer of the Year Award**
In recognition of the wonderful role played by volunteers with regard to culture, each year Cork County Council will accept nominations for Cultural Volunteer of the Year and provide an award for same.

**Queries and Questions Cork County**
The Culture Team will support cultural / community groups, organisations, individuals, volunteers and local schools by answering related queries and questions in as timely a manner as possible. Questions / queries can be sent to creativeireland@corkcoco.ie.





**Pobail Chruthaitheacha**
Is scéim é seo a reáchtálann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí, agus spreagann sé pobail le bheith rannpháirteach i dtionscadail áitiúla de chineál cultúrtha agus cruthaitheacha. Cuirfidh Comhairle Contae Chorcaí maoiniú i leataobh gach bliain chun tionscnamh / forbairt / méadú comhpháirtíochtaí le grúpaí / soláthraithe áitiúla a éascú, más amhlaidh go bhfuil spriocanna uileghabhálacha na straitéise seo á mbaint amach ag na páirtithe sin. Samplaí de seo ná ceachtanna / ranganna teagaisc a sholáthar i gceantair ar leith (go háirithe na ceantair iargúlta sa Chontae); mar aon le tionscnaimh a mbeidh comhtháthú agus comhoibriú sóisialta tríd an gcultúr mar thoradh orthu, is é sin, tionscadail idirghlúine agus tionscadail chomhpháirtíochta ealaíontóra / staraí. Cuirfidh sé sin deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí proifisiúnta chun dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid gairmeacha i gContae Chorcaí.

**Scéim Deontais Éire Ildánach Chontae Chorcaí agus Deiseanna Maoinithe Chultúrtha eile**
Leis an Scéim seo, aithnítear gur leor méid beag síolchaipitil ag leibhéal an phobail chun grúpaí agus daoine áitiúla a chumhachtú le bheith rannpháirteach i gClár Éire Ildánach ar bhonn áitiúil. Tríd an scéim, féachfar le tacaíocht a thabhairt d'aon tionscadal, imeacht nó tionscnamh a thagann faoi aon cheann de chúig Cholún Éire Ildánach nó faoi thosaíochtaí Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae Chorcaí, agus ar an gcoinníoll go rachaidh torthaí na dtionscadal chun tairbhe do réimse Cultúir agus Cruthaitheachta an Chontae ar bhonn fadtéarma. De bhreis ar an Scéim seo, déanfar deiseanna maoinithe eile a shainaithint agus a fhógairt ar líne go rialta, chun tacú le healaíontóirí, le taibheoirí agus le daoine, pobail agus oibrithe deonacha a bhfuil baint acu le réimse na cruthaitheachta.

**Creative Communities**
Run by the Arts Office of Cork County Council this scheme encourages communities to engage in local cultural and creative projects. Cork County Council will set aside funding each year to allow for the introduction / development / expansion of partnerships with local groups / providers that meet with the overarching aims of this strategy. Examples would include the delivering of lessons / tutorials in areas (particularly the more remote areas within the County); as well as initiatives that bring about social integration and collaboration through culture, i.e. intergenerational projects, and artist / historian partnership projects. This will provide professional artists with opportunities so that they can further their careers in County Cork.

**Creative Ireland County Cork Grant Scheme and other Cultural Funding Opportunities**
This Scheme recognises that a small amount of seed capital at grassroots level can empower local groups and individuals to engage with the Creative Ireland Programme locally. The funding scheme will seek to support any project, event or initiative that falls under any of the five Creative Ireland Pillars or priorities of the County Cork Culture and Creativity Strategy, and provided that project outputs will be of long-term benefit to the County's Culture and Creativity. In addition to this Scheme, other funding opportunities will be identified and posted online regularly, to support artists, performers and all forms of creative people, communities and volunteers.

**Féilire Imeachtaí Cultúrtha Chontae Chorcaí**
Éascóidh Comhairle Contae Chorcaí áit lárnach amháin ar líne ina mbeifí in ann eolas faoi imeachtaí a scaipeadh. Is bealach iontach é seo le tacú le tionscnaimh áitiúla, agus éascóidh sé comhordú imeachtaí, go háirithe lena chinntiú nach mbíonn imeachtaí ag teacht salach ar a chéile sna hionaid chéanna.

**Leabharlanna agus Cultúr**
Leanfaidh Seirbhís Leabharlainne an Chontae de bheith ag óstáil grúpaí cultúrtha i leabharlanna brainse, agus de thacaíocht a thabhairt dóibh, lena n-áirítear clubanna leabhar, ciorcail chainte, grúpaí cniotála agus cróiseála, grúpaí scríbhneoirí, ciorcail ghramafóin agus grúpaí staire / oidhreachta áitiúla.

**Seisiúin Chomhairle agus Tacaíochta Pobail**
Déanfaidh Comhairle Contae Chorcaí roinnt seisiún a óstáil ar fud an chontae do ghrúpaí agus do dhaoine aonair atá gníomhach sa réimse cultúir / oidhreachta agus, chomh maith leis sin, do ghrúpaí agus do dhaoine nua sa réimse, lena chinntiú go dtabharfar eolas, comhairle meantóireacht dóibh i dtaca le dea-chleachtas, deiseanna maoinithe, agus smaointe praiticiúla chun tionscadail agus imeachtaí áitiúla Éire Ildánach a eagrú / bhainistiú. Ag na seisiúin sin, beimid inár gcomhairleoirí agus inár bhfoghlaimeoirí, agus san am céanna, agus sinn ag comhroinnt ár n-eispéireas chun tairbhe an chultúir laistigh den Chontae.

**Cor Poist agus na Meáin Shóisialta**
Cuirfear ríomhphoist rialta ina bhfuil an t-eolas is deireanaí (trí nuacht Ealaíon, nuacht Oidhreachta agus Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí na Comhairle) chuig comhaltaí tofa, daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí maidir le Clár Éire Ildánach, agus cuimseoidh sé sin mionsonraí

**County Cork's Cultural Events Calendar**
Cork County Council will facilitate the posting of events at one central location online. This is a great way of supporting local initiatives and will facilitate event coordination, particularly to ensure that events don't clash in the same locations.

**Libraries and Culture**
The County's Library Service will continue to host and support cultural groups in branch libraries, including bookclubs, ciorcail cainte, knitting and crochet groups, writers' groups, gramophone circles and local history / heritage groups.

**Community Advice and Support Sessions**
Cork County Council will host a number of sessions around the county for the benefit of existing groups and individuals active in culture / heritage as well as newcomers, to ensure that people are adequately informed, advised and mentored as to good practice; funding opportunities, and practical ideas for organising / managing local Creative Ireland projects and events. At these sessions we will be advisors and learners at the same time as we share our experiences for the betterment of culture within the County.

**Mailshot and Social Media**
A regular email update (via the Council's Arts news, Heritage news and Public Participation Networks) will be sent to elected members, individuals, groups and organisations regarding the Creative Ireland Programme to include details of upcoming events, initiatives, project





maidir le himeachtaí a beidh á n-eagrú, maidir le tionscnaimh, agus maidir le moltaí agus léirmheasanna faoi thionscadail. Cuirfidh Comhairle Contae Chorcaí postálacha amach go rialta ar na meáin shóisialta le daoine a spreagadh chun a gcuid meicníochtaí féin a úsáid d'fhonn feasacht ar Éire Ildánach a mhéadú.

**Ag Tacú le Gach Cultúr**
Is mór ag Comhairle Contae Chorcaí an raon leathan éagsúil cultúr agus cineálacha stíleanna maireachtála atá ann sa Chontae. Sa chomhthéacs sin, spreagfaidh an Mheitheal Cultúir tionscadail a chuimsíonn ilchultúrthacht, go háirithe, obair i gcomhar le raon grúpaí agus eagraíochtaí, agus freastal orthu sin ionas go mbeidh deis ag gach grúpa cultúrtha i gContae Chorcaí a bheith páirteach i gClár Éire Ildánach.

**Láithreán Gréasáin Phobal Cultúir Chontae Chorcaí**
Cuirfear láithreán gréasáin saincheaptha ar bun a éascóidh postálacha maidir le tionscadail, smaointe agus imeachtaí, agus beidh clár teachtaireachtaí ann freisin, áit a mbeidh cleachtóirí cultúrtha (idir oibrithe deonacha agus dhaoine gairmiúla) in ann dul chun cainte lena chéile. Is acmhainn iontach a bheidh sa láithreán gréasáin do dhaoine sa bhaile agus thar lear araon.

**Bus Cultúir**
Cé nach bhfuil ganntanas imeachtaí cultúrtha ann, is minic a bhíonn fadhbanna le rochtain, go háirithe i gcás go mbíonn na himeachtaí ar siúl in ionaid lárnacha, agus iad sin scoite amach ó áiteanna iargúlta. Chun dul i ngleic leis seo, agus más amhlaidh go bhfuil éileamh soiléir ann, tacóidh Comhairle Contae Chorcaí le soláthar bus cultúir le haghaidh imeachtaí cultúrtha, go háirithe iad siúd a thugann gach duine sa phobal le chéile. Sampla amháin ná imeachtaí de chineál na

ideas and reviews. Cork County Council will post regularly via social media and encourage others to use their own mechanisms to increase awareness of Creative Ireland.

**Supporting All Cultures**
Cork County Council appreciates a full and diverse range of cultures and lifestyles within the county. To this effect, the Culture Team will encourage projects that include multiculturalism, in particular, working with and reaching out to a variety of groups and organisations such that every and any cultural group in County Cork will have the opportunity to be part of the Creative Ireland Programme.

**The Cork County Culture Community Website**
A bespoke website will be set up which will facilitate the posting of projects, ideas and events and will also include a message board where cultural practitioners (from the volunteer to the professional) can liaise with one another. Such a resource will be a tremendous benefit for people both at home and abroad.

**Culture Bus**
While often there is no shortage of cultural events, there is often difficulty of access, particularly where events are held centrally and removed from remoter places. In light of this, and where demand has been clearly demonstrated, Cork County Council will support the provision of a culture bus for cultural events, particularly those that bring everyone in the community together. One example would be scoraíocht type events where

scoraíochta, mar a mbíonn raon gníomhaíochtaí traidisiúnta ar siúl ag aon imeacht amháin, mar shampla, seanchas – is breá le daoine a bheith ag éisteacht le scéalta seandaoine i bpobail, agus ba chóir go n-eagrófaí imeachtaí inar féidir le daoine scothaosta tabhairt faoin seanchas, san oíche, nó go deimhin ar maidin nó um thráthnóna.

**Seachtain 'Where's Me Culture' (Cá bhfuil mo Chultúr)**
Bíonn an t-imeacht seo ar siúl ar feadh seachtaine gach bliain thart ar an tráth a mbíonn Oíche Chultúir ar siúl i mí Mheán Fómhair; tá sé á chur chun cinn ar fud an Chontae, agus spreagfaidh sé grúpaí nua agus seanbhunaithe, na gníomhaíochtaí atá idir lámha acu a chur os comhair an phobail; freastal ar a bpobail agus earcaigh nua agus oibrithe deonacha a spreagadh le páirt a ghlacadh ann. D'fhéadfadh grúpaí ceoil, grúpaí damhsa, grúpaí drámaíochta, grúpaí Gaeilge agus neart eile a bheith i gceist anseo.

**Leathanach Gréasáin Éire Ildánach Chomhairle Contae Chorcaí**
Cuirfidh Comhairle Contae Chorcaí seirbhís fheabhsaithe leathanaigh gréasáin le haghaidh Éire Ildánach ar fáil ar a dtabharfar tacaíocht ar líne, chomh maith le freagraí ar raon ceisteanna, agus coinneoidh an tseirbhís daoine ar an eolas freisin maidir lena bhfuil ar siúl ag leibhéal náisiúnta i ndáil le hÉire Ildánach.

a range of traditional engagement takes place at the one event, such as storytelling – people really enjoy listening to the stories of older people in communities, and nights and indeed mornings and afternoons should be held for stories by elderly people.

**Where's Me Culture Week**
Taking place for the week around Culture Night in September, annually, this weeklong event, promoted around the County, will encourage all existing and new groups to showcase what they are about; to reach out to their communities and to encourage new recruits and volunteers to get involved. These could include music groups, dance groups, theatre groups, Irish speaking groups, and much more.

**Cork County Council's Creative Ireland Webpage**
Cork County Council will provide an enhanced Creative Ireland webpage service providing online support and answers to a range of questions, as well as informing people as to what is happening at a national Creative Ireland level.







Tá flúirse oidhreachta ag gach pobal ar leac an dorais aige féin.

*Every community has a wealth of heritage on its doorstep*

## Tosaíocht a Cúig: Contae Chorcaí a Chur os Comhair an tSaoil

Tá Contae Chorcaí bródúil as a chultúr agus as an iliomad ealaíontóirí, drámadóirí, filí, ceoltóirí, scéalaithe agus déantóirí, agus daoine nach iad, atá ar thús cadhnaíochta sa réimse seo. Ní mór don Chontae féachaint le tallann chultúrtha Chontae Chorcaí a chur ar taispeáint, ina Ionaid Ealaíon, ina Leabharlanna agus ina Hallaí Pobail agus in áiteanna i bhfad i gcéin. Nuair a thagann cuairteoirí chuig an gcontae, ba chóir go mbeadh deis ann dóibh i gcónaí taitneamh a bhaint as an gcuid is fearr den chultúr agus den tallann áitiúil, agus nuair a bhímid i mbun Contae Chorcaí a chur chun cinn, ba chóir dúinn tacaíocht a thabhairt do na daoine atá cruthaitheach ó thaobh an chultúir de, ionas go gcloisfear a nglórtha go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

**Chomhdháil Bhliantúil Éire Ildánach Chontae Chorcaí**
Mar aitheantas do chultúr (chultúir) forleathan (fhorleathana) an Chontae, agus do na grúpaí agus na daoine aonair iomadúla atá rannpháirteach i gClár Éire Ildánach, déanfaidh Comhairle Contae Chorcaí Comhdháil Bhliantúil Éire Ildánach Chontae Chorcaí a óstáil, ina ndíreofar ar thábhacht agus luach na nascachta idir Ealaín agus Oidhreacht, Cultúr agus Cruthaitheacht, agus neart topaicí tábhachtacha eile nach iad.

**Éire Ildánach agus Contae Chorcaí ar fud an Domhain**
Beidh an Mheitheal Cultúir ag iarraidh cur leis an mbunachar sonraí reatha grúpaí agus eagraíochtaí thar lear atá dírithe ar Chontae Chorcaí, lena n-áirítear an líonra bailte nasctha, agus coimeádfaidh siad teagmháil rialta ar bun maidir le forbairtí, ó thaobh Éire Ildánach de, sa bhaile agus thar lear. Ina theannta sin, spreagfaidh an Mheitheal Cultúir pobail agus eagraíochtaí áitiúla a bheith páirteach lena gcairde thar lear agus smaointe, scéalta agus tionscadail a chomhroinnt.

**Fréamhacha i gContae Chorcaí**
Cuimsíonn Diaspóra na hÉireann timpeall an domhain breis is 70 milliún duine, a bhfuil baint ag an-chuid díobh sin le Contae Chorcaí. I dtaca leis sin de, cuirfear an tseirbhís ginealais a sholáthraíonn Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chorcaí saor in aisce chun cinn, agus beidh tacaíocht ar fáil freisin le haghaidh tuilleadh grúpaí ginealais, imeachtaí a bhaineann leis an diaspóra agus Tóstail Chlainne.

**YouTube**
Tá rún ag Comhairle Contae Chorcaí píosaí scannánaíochta agus físeáin bholscaireachta faoi Éire Ildánach Chontae Chorcaí a chur ar fáil ar YouTube, agus beidh teacht ag daoine in Éirinn agus thar lear ar an ábhar sin.

**Clár Taispeántas Chontae Chorcaí**
Leanfaidh an Oifig Ealaíon den obair le healaíontóirí, le hinstitiúidí náisiúnta ealaíne, le féilte agus le coimeádaithe chun tionscadail taispeántais a fhorbairt ina léireofar saothair chomhaimseartha amharc-ealaíne de thionscnamh an Chontae.

**Mí Chorcaí**
Is éard atá i gceist leis an straitéis seo ná go mbeidh tiomantas ann, ar feadh mí amháin in aghaidh na bliana, i leith saothar a bhaineann leis an gceantar áitiúil amháin a chur ar taispeáint; cuirfear an straitéis chun cinn i measc gnóthaí, in ionaid ealaíne, tríd an líonra leabharlann agus i raon áiteanna eile. Le linn na míosa, tiocfaidh muintir Chorcaí le chéile chun a gcultúr áitiúil a léiriú agus, ar an dóigh sin, d'fhéadfá a rá gur ambasadóirí cruthaitheachta a bheidh iontu agus iarrachtaí agus naisc chultúrtha áitiúla á gcur chun cinn, á n-óstáil agus á gcur ar taispeáint acu.

## Priority Five: Showcasing County Cork

County Cork is proud of its culture and the many artists, playwrights, poets, musicians, storytellers and makers, amongst many more, that lead the way. The County must endeavour to showcase Cork's cultural talent from its Arts Centres, Libraries and Community Halls at home to places faraway. When tourists visit the county there should always be an opportunity to sample the very best in local culture and talent and in promoting County Cork we should support our culturally creative people in having their voices heard locally, nationally and internationally.

**The Annual County Cork Creative Ireland Conference**
In recognition of the County's vast culture(s), as well as the numerous community groups and individuals engaging with the Creative Ireland Programme, Cork County Council will host an annual Creative Ireland County Cork Conference, focussing on the importance and value of connectivity between Art and Heritage, Culture and Creativity and other such important topics.

**Creative Ireland and County Cork Worldwide**
The Culture Team will seek to add to the existing database of County Cork focussed groups and organisations abroad, including the network of twinned towns, and will maintain regular contact regarding Creative Ireland developments both at home and abroad. The Culture Team will also encourage local communities and organisations to get involved with their friends abroad and to share ideas, stories and projects.

**Roots in County Cork**
The Irish Diaspora around the world stands at over 70 million, many of whom have connections with County Cork. In this regard the free genealogical service offered by Cork County Council's Library Service will be promoted, and support also shown for further genealogical groups, diaspora related events and Family Clan Gatherings.

**YouTube**
Cork County Council intends to present Creative Ireland County Cork related footage and promotional videos on YouTube, available for audiences to see both at home and abroad.

**County Cork Exhibitions programme**
The Arts Office will continue to work with artists, national art institutions, festivals and curators to develop exhibition projects featuring contemporary visual art production from the County.

**Cork Month**
The strategy will promote amongst businesses, art centres, through the library network and a range of other locations, that for one month of the year there will be a commitment to showcasing work only from the local area. It will be a month where the people of Cork collectively promote their local culture and as such become ambassadors for creativity by promoting, hosting and showcasing local cultural endeavours and connections.

**Cuimhneacháin**
Cuireadh síos ar Éirí Amach 1916 mar réabhlóid filí agus ealaíontóirí. Tá Éire faoi chomaoin ag na céadta daoine a tháinig romhainn, agus beidh ról lárnach ag an Straitéis seo maidir leis na cuimhneacháin a bheidh ann do Dheich mBliana na gCuimhneachán Céad Bliain, go háirithe ó thaobh ról Chontae Chorcaí i gCogadh na Saoirse agus sa Chogadh Cathartha; déanfar ceiliúradh freisin ar an-chuid cuimhneachán agus comóradh céad bliain eile, mar shampla, Vótáil Chomhchoiteann agus príomhdhátaí a bhaineann le pearsana agus imeachtaí tábhachtacha de chuid Contae Chorcaí, agus go deimhin, de chuid stair na hÉireann.

**Ag Machnamh ar Chogadh na Saoirse**
Forbróidh an Oifig Ealaíon clár chun gur féidir machnamh a dhéanamh ar Chogadh na Saoirse, agus tabharfar cuireadh d'ealaíontóirí, do ghrúpaí comórtha, d'eagraíochtaí ealaíon agus do dhaoine eile ar spéis leo é, smaointe a mholadh i dtaca le freagairtí samhlaíocha i leith imeachtaí Chogadh na Saoirse i gContae Chorcaí. Mar thoradh ar an iarraidh thosaigh seo ar thograí, d'fhéadfadh sé go ndéanfadh an Chomhairle infheistíocht i raon tionscadal a d'fhónfadh mar léirmhíniú ealaíonta suntasach nó mar ábhar machnaimh i ndáil le himeachtaí tábhachtacha den chineál sin.

**Ag Ceiliúradh Stair Chorcaí**
Leanfaidh Comhairle Contae Chorcaí de thacú leis an taispeántas 'Ag Ceiliúradh Stair Chorcaí' – i rith an lae, beidh grúpaí an Chontae in ann an oidhreacht/cultúr a chaomhnaíonn, agus a chosnaíonn, siad ar bhonn háitiúil, a léiriú agus a chur chun cinn i measc daoine eile, agus cuairteoirí ina measc, ar díol spéise leo ábhar an taispeántais.

**Commemorations**
The 1916 Rising was described as a revolution of poets and painters. Éire is indebted to the many people who went before us and this Strategy will have a key focus on Ireland's Decade of Centenary Commemorations, particularly with regard to the role played by County Cork in the War of Independence and Civil War, as well as many other centenaries and commemorations such as Universal Suffrage and the key dates of famous characters and events associated with County Cork and indeed Ireland's past.

**Reflecting on the War of Independence**
A programme to reflect on the War of Independence will be developed by the Arts Office which will invite artists, commemoration groups, arts organisations and other interested parties to propose ideas for imaginative responses to County Cork's War of Independence events. This initial call for proposals may lead to investment by the Council in a number of projects that would serve as significant artistic interpretations or reflections on such key events.

**Celebrating Cork's Past**
The "Celebrating Cork Past Exhibition" will continue to be supported by Cork County Council – a day for the County's groups to highlight and promote the heritage/culture they preserve and protect locally, to other like-minded people and visitors.



Cruinniú na nÓg 2018 i Leabharlann Áth Treasna

*Cruinniú na nÓg 2018 in Newmarket Library*

**Saothar Ealaíontóirí a Chur ar Taispeáint**
Níl aon ghanntanas tallainne i gContae Chorcaí, lena n-áirítear litríocht, ceol, ealaín chomhaimseartha agus taibhiúchán. Forbróidh Comhairle Contae Chorcaí 'Saothar Ealaíontóirí a Chur ar Taispeáint' ar láithreán gréasáin Éire Ildánach na Comhairle agus déanfaidh siad iarracht obair i gcomhpháirt le hasraoin mheán thar lear chun lucht féachana níos leithne a mhealladh.

**Seachtain na hOidhreachta**
Tá ról lárnach ag an oidhreacht sa straitéis seo, agus is deis iontach é Seachtain na hOidhreachta, a bhíonn ar siúl i mí Lúnasa gach bliain, chun raon iomlán imeachtaí cultúrtha a chomhordú i dtaca lenár n-oidhreacht chomhchoiteann.

**An Oíche Chultúir**
'*Is imeacht poiblí uile-oileáin bliantúil í a cheiliúrann an cultúr, an chruthaitheacht agus na healaíona*'. Déanann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí clár Chontae Chorcaí a chomhordú. Cuirfidh an Chomhairle téama Éire Ildánach chun cinn go láidir mar chuid den Oíche Chultúir, agus spreagfaidh siad rannpháirtíocht ar fud an Chontae (www.culturenightcorkcounty.ie).

**Cad is Áit ann?**
Bíonn pobail thar a bheith bródúil as a n-áit dúchais féin. Agus an méid sin á chur san áireamh, úsáidfidh Comhairle Contae Chorcaí an straitéis chun tacú le comharthaíocht ar an mbealach isteach chuig bailte agus sráidbhailte, ar a luafar ainm na háite agus ar a mbeidh tagairt dá uathúlacht, dá chuid pearsana cáiliúla etc. Meallfaidh sé seo turasóirí go háirithe (go mór mór i gcás áiteanna atá lonnaithe feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin nó laistigh d'Oirthear Ársa na hÉireann) agus láidreoidh sé dáimh na ndaoine lena bpobail agus a n-áiteanna dúchais.

**Artist Showcase**
County Cork abounds with artistic talent, from literature and music to contemporary art and performance. Cork County Council will develop an Artist Showcase on the Council's Creative Ireland webpage and will endeavour to team up with media outlets abroad to increase visibility.

**Heritage Week**
Heritage plays an important part in this strategy and Heritage Week, which takes place in August each year, will be a great time to coordinate a whole range of cultural events on the subject of our collective heritage.

**Culture Night**
'*Culture Night is an annual all-island public event that celebrates culture, creativity and the arts*'. Cork County Council's Arts Office coordinates the County Cork programme. The Council will strongly promote the Creative Ireland theme as part of Culture Night and encourage involvement throughout the County (www.culturenightcorkcounty.ie).

**What's in a Place?**
Communities have a strong sense of pride with regard to their locality. With this in mind and through this strategy, Cork County Council will aim to support signage at entry points to towns and villages that mention the name of the place with a caption as to its uniqueness, its famous sons and daughters, etc. This will clearly appeal to tourists (especially for places located along or within the Wild Atlantic Way or Ireland's Ancient East, respectively) and will furthermore strengthen the sense of community and place.





**Cur chun cinn i Meáin Áitiúla**
Obair i gcomhar leis na meáin áitiúla chun gnéchláir, mionsonraí, agallaimh agus cuntais ar ghníomhaíochtaí agus imeachtaí éagsúla de chuid Éire Ildánach a sholáthar agus a éascú.

**Imeachtaí Idirnáisiúnta**
Tá an t-ádh ar Chontae Chorcaí a bheith ina óstach i leith roinnt imeachtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear féilte ballaí cloiche agus ceoil, agus seanchas. Tá tóir ar na féilte cultúrtha seo ar bhonn idirnáisiúnta, agus cuirfear chun cinn iad go forleathan mar chuid den straitéis seo.

## Tosaíocht a Sé: An Ghaeilge

Tá dhá Ghaeltacht ann i gContae Chorcaí agus labhraítear Gaeilge ar bhonn laethúil ar fud an Chontae. Spreagfaidh Comhairle Contae Chorcaí tionscadail a bhaineann leis an nGaeilge, agus bainfidh siad leas as an straitéis seo chun labhairt na teanga a fheabhsú agus a chur chun cinn a oiread agus is féidir; níl rud ar bith is fearr a chuireann ár meon dúchais in iúl ná ár dteanga dhúchais.

**Comhpháirtíocht**
Lorgóidh Comhairle Contae Chorcaí deiseanna chun tionscadail, tionscnaimh agus imeachtaí a fhorbairt i gcomhar le heagraíochtaí agus grúpaí éagsúla, chun tuilleadh deiseanna a éascú leis an nGaeilge a chosaint agus a chur chun cinn.

**Na hEalaíona trí mheán na Gaeilge**
Féachann an straitéis seo le líon na ndaoine atá bainteach le cur chun cinn na Gaeilge, nó atá ag obair leis an nGaeilge, a mhéadú trí léiriú agus cruthaitheacht ealaíonta.

**Promotion in local Media Sources**
Working with the local media to provide and facilitate features, details, interviews and descriptions of various Creative Ireland undertakings and events.

**International Events**
County Cork is lucky to be home to a number of international events, from stone wall and music festivals to storytelling. These internationally relevant cultural festivals will be promoted widely as part of this strategy.

## Priority Six: The Irish Language

County Cork is home to two Gaeltachts and Irish is spoken on a daily basis throughout the County. Cork County Council will encourage projects that relate to the Irish Language and through this strategy, aims to enhance and promote use of the language by as many people as possible; nothing conveys our native mind like our native tongue.

**Partnership**
Cork County Council will seek opportunities to develop projects, initiatives and events with different organisations and groups to facilitate increased opportunities for protecting and promoting the Irish Language.

**Arts in Irish**
This strategy seeks to encourage and enhance the number of people involved in promoting or working with the Irish language through artistic expression and creativity.



Cruthaitheacht sa Pháirc –
Cruinniú na nÓg 2018.

*Creativity in the Park –
Cruinniú na nÓg 2018*

**Deontais le haghaidh na Gaeilge**
Ionas go gcuirfear an chruthaitheacht agus an cultúr chun cinn trí mheán na Gaeilge, beidh snáithe ar leith ag an Scéim Deontais Ealaíon Bhliantúil i gcomhair tionscadail chultúrtha a bhaineann leis an nGaeilge.

**Gaeltachtaí Chorcaí a Chosaint agus a Chur chun Cinn**
Beidh Comhairle Contae Chorcaí ar theann a dícheall ag iarraidh cultúr, oidhreacht, traidisiúin, teanga agus canúint ar leith an dá Ghaeltacht i gContae Chorcaí (Oileán Chléire agus Múscraí) a chosaint agus a chur chun cinn. Áireoidh sé sin cur i bhfeidhm an Phlean Caomhnaithe, Bainistíochta agus Léirmhínithe do Ghaeltacht Mhúscraí.

**Ranganna Gaeilge**
Eagróidh Comhairle Contae Chorcaí roinnt Ranganna Caomhnaithe Gaeilge i Halla an Contae agus in ionaid eile ar fud an Chontae, ní hamháin le haghaidh fhoireann na Comhairle ach le haghaidh an phobail freisin, ionas go mbeidh ar a gcumas, a gcur amach ar an nGaeilge a fheabhsú agus a ngrá di a láidriú. Déanfar tréaniarracht freisin tacú le grúpaí áitiúla atá ag eagrú ranganna den saghas céanna ina gceantair.

**Tuiscint don Ghaeilge**
Ar an gcaoi chéanna ina gcuirfear suaitheantais Bhéarla Éire Ildánach ('Cruthaithe i gCorcaigh') ar fáil chun feasacht ar Chlár Éire Ildánach a mhéadú agus chun tacaíocht a chothú dó, déanfar suaitheantais Ghaeilge 'Cruthaithe i gCorcaigh' a chur ar fáil freisin, chun grá don teanga a chur in iúl, chomh maith leis an mian í a úsáid.

**Grants for Gaeilge**
To promote creativity and culture through the Irish language the annual Arts Grant Scheme will have a strand entirely for cultural projects that relate to the Irish language.

**Protecting and Promoting Cork's Gaeltachts**
Cork County Council will strive to protect and promote the unique culture, heritage, traditions, language and dialect of the two Gaeltachts in County Cork (Oileán Chléire and Múscraí). This will include the implementation of the Conservation, Management and Interpretation Plan for the Múscraí Gaeltacht.

**Irish Classes**
Cork County Council will run a number of free Conversation Irish Classes, held in the County Hall as well as other venues throughout the County, for both Council staff and the wider community to enhance their knowledge and love for the Irish Language. Every effort will also be made to support local groups organising similar classes in their locality.

**Identify with Irish**
Just as Creative Ireland 'Created in Cork' badges will be undertaken in English to convey awareness and support for the Creative Ireland Programme, 'Created in Cork' badges will also be created in Irish, to convey a love of the language and a desire to use same.

**Scoraíocht**
Cuirfidh Comhairle Contae Chorcaí tionóil rialta daoine chun cinn agus tacóidh siad leo ionas gur féidir le daoine páirt a ghlacadh in oícheanta cultúrtha i dtaca leis an nGaeilge agus i dtaca leis na traidisiúin a ghabhann léi.

**Tob-Ghaeltachtaí**
Spreagfaidh Comhairle Contae Chorcaí lucht eagraithe na bhféilte, fáiltiú roimh an nGaeilge ina n-imeachtaí, agus í a áireamh agus a chur chun cinn trí raon gníomhaíochtaí amhail Tob-Ghaeltachtaí ina dtagann daoine le chéile i dtimpeallacht chairdiúil neamhfhoirmiúil chun dul chun cainte lena chéile trí Ghaeilge. Tá sé beartaithe go mbeidh cainteoirí ar gach leibhéal páirteach sna himeachtaí seo.

**Cainteanna / Léachtaí**
Eagróidh Comhairle Contae Chorcaí sraith cainteanna maidir leis an nGaeilge, mar shampla, Stair na Gaeilge; treochtaí reatha maidir leis an nGaeilge etc.

**Grúpa Sainleasa Gaeilge**
Féachfaidh Comhairle Contae Chorcaí le grúpa oibre a chur ar bun chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn tuilleadh sa Chontae. An fáth leis sin ná go bhfuiltear tar éis a aithint go bhfuil an-chuid daoine sa Chontae a chuirfeadh go mór lena leithéid de ghrúpa. Maidir leis na nithe a phléifear agus na moltaí a dhéanfar, cuirfear san áireamh iad in obair agus i ndíospóireachtaí SPC Ealaíon na Comhairle Contae. Is ionann bunú grúpa den chineál seo agus aitheantas maith don bhliain 2018, is é sin, Bliain na Gaeilge.

**Scoraíocht**
Cork County Council will support and promote regular gatherings of people to enjoy and share in cultural evenings around the Irish language and traditions.

**Pop-up Gaeltachts**
Cork County Council will encourage festival organisers to welcome, encourage and indeed incorporate use of the Irish language in their events through a range of different activities such as Pop-up Gaeltachtaí, where people get together in a friendly and casual surrounding to socialise through Irish. It is intended that all levels of speaker will be encouraged.

**Talks / Lectures**
Cork County Council will organise a number of talks regarding the Irish language, for example, the History of the Irish Language; Current Trends in Irish, etc.

**Irish Interest Group**
Cork County Council will seek the establishment of a working group to further the use of the Irish Language within the County. This is based on the recognition that there are many people within the County who would have much to offer on such a group. Matters discussed and ideas raised will then feed into the workings and deliberations of the County Council's Arts SPC. The setting up of such a group is a fine recognition in 2018 of Bliain na Gaeilge.



# 7 Cur i bhFeidhm in 2018
## Implementation in 2018

TÁ TOSAÍOCHTAÍ AGUS gníomhartha ann sa Phlean seo chun fás gníomhaíochta cruthaitheachta agus cultúir a chothú agus a chur chun cinn i gContae Chorcaí agus, chuige sin, beidh gá le tacaíocht agus comhoibriú ó fhoireann na Comhairle thar roinnt Stiúrthóireachtaí, agus beidh gá rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne freisin. Dar leis an gComhairle, tá meas agus aitheantas tuillte ag muintir an Chontae as an obair iontach a dhéanann siad ó thaobh an chultúir de, agus molann siad do gach duine páirt a ghlacadh ann agus cuirfear fáilte ar leith roimh lucht féachana / éisteachta nua.

Agus an plean seo á chur i bhfeidhm acu, tá meas ag an gComhairle ar chumas na cruthaitheachta cultúrtha dea-thionchar a bheith aige ar an bhfolláine phearsanta / chomhchoiteann, lena n-áirítear meabhairshláinte. Is é aidhm Chomhairle Contae Chorcaí a oiread rochtana agus is féidir ar an gcultúr a sholáthar do dhaoine, beag beann ar aois, ar chumas agus ar mhíchumais, agus chuige sin, oibreoidh siad i gcomhar le grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla, méadóidh siad an chumarsáid eatarthu, agus feabhsóidh siad an tacaíocht chomhairleach / pobail. Chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, déanfar athbhreithniú rialta ar an Straitéis ina hiomláine agus ar gach ceann de na sé phríomhthosaíocht.

Tá cuid mhór rudaí ann ar féidir a bheith ag dréim leo in 2018, agus muid ag comóradh Chothrom Céad Bliain na Vótála Comhchoitinne, Bhliain na Gaeilge agus, go deimhin, Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha. Tá an Contae ag siúl le tabhairt faoi raon tionscnamh éagsúil in 2018, lena n-áirítear:

THIS PLAN CONTAINS priorities and actions to harness and foster the growth of cultural activity and creativity in County Cork, and will require the support and co-operation of Council staff across several Directorates and engagement by the wider community. The Council recognises and values the wonderful work done culturally by people within the County and encourages everyone to get involved, with new audiences always welcomed.

In implementing this plan, the Council values the potential of cultural creativity to have positive impacts for personal / collective well-being, including mental health. In working with local groups and organisations, and through increased communication and enhanced advisory / community support, Cork County Council will endeavour to make culture as accessible as possible, to include people of all ages and abilities. The Strategy as a whole and the progress made on each of the six key priorities, will be reviewed regularly to monitor progress.

In 2018 there is much to look forward to as we commemorate the Centenary of Universal Suffrage; Bliain na Gaeilge and indeed the European Year of Cultural Heritage. The County looks forward to embarking on a range of different initiatives in 2018, including:

- Comhdháil Bhliantúil Éire Ildánach Chontae Chorcaí
- Scéim Deontais Éire Ildánach Chontae Chorcaí
- Raon tionscadal a dhíreoidh ar Nasc Eorpach Chorcaí, mar aitheantas do Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha
- Raon tionscadal trína léireofar Bliain na Gaeilge
- Tacú leis an bhféile chultúrtha dar teideal Féile na Laoch, a bhíonn ar siúl gach 7 mbliana, agus í a chur chun cinn
- Tionscadail Chuimhneacháin a bhaineann le Deich mBliana na gCuimhneachán Céad Bliain, atá fós ar siúl
- Tionscnamh Tobshiopaí a thabhairt isteach i gContae Chorcaí
- Cruthú shuaitheantas Éire Ildánach Chontae Chorcaí (i mBéarla agus i nGaeilge araon)
- Ullmhú Bhileog Eolais Éire Ildánach Chontae Chorcaí
- Forbairt féilire bliantúla téamaí le haghaidh fócas agus léiriú cultúrtha

**Nóta Scoir**

Mar fhocal scoir, go raibh míle maith agaibh as an straitéis seo a léamh, straitéis a bhfuiltear ag súil ina leith go mbeidh tionchar suntasach agus dearfach aici ar an gcultúr agus ar an bpobal i gContae Chorcaí le linn na chéad chúig bliana eile atá romhainn, agus dá éis sin. Má tá aon cheisteanna agat nó más mian leat aon smaointe nó moltaí a chur in iúl, is féidir dul i dteagmháil le Meitheal Cultúir Chomhairle Contae Chorcaí ach ríomhphost a sheoladh chuig creativeireland@corkcoco.ie.

- The Creative Ireland County Cork Conference
- The Creative Ireland County Cork Grant Scheme
- A range of projects focusing on Cork's European Connection, in recognition of it being the European Year of Cultural Heritage
- A range of projects reflecting Bliain na Gaeilge
- Supporting and promoting the Féile na Laoch cultural festival, which occurs every 7 years
- Commemorative Projects that connect with the continuing Decade of Centenaries
- The introduction of a Pop-up Shops Initiative for County Cork
- The Creation of Creation Ireland County Cork Badges (in both Irish and English)
- The production of a Creative Ireland County Cork Information Leaflet
- Development of a yearly calendar of themes for cultural focus and expression

**Final Note**

By way of conclusion, thank you for your time in reading this strategy, which it is hoped will have significant positive impacts for culture and community within the County of Cork over the next five years and beyond. For any queries, or to share any thoughts or ideas that you may have, Cork County Council's Culture Team can be contacted by emailing creativeireland@corkcoco.ie.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022